# Ráiteas Straitéise 2023 – 2027

wwetb
Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman
*Waterford and Wexford Education and Training Board*







Féachann Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman leis an bhfoghlaim a threorú trí sheirbhísí oideachais agus oiliúna atá ar ardchaighdeán, cuimsitheach agus nuálach a sholáthar inár bpobal.

## Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 4 |
| Fáilte | 6 |
| Achoimre Fheidhmeach | 8 |
| Achoimre ar an bhFís Straitéiseach agus ar an Misean Straitéiseach | 13 |
| An Comhthéacs Náisiúnta agus Eorpach | 14 |
| An Straitéis/an Mhodheolaíocht a Fhorbairt | 18 |
| Próifíl an Bhoird Oideachais agus Oiliúna | 20 |
| Spriocanna Straitéiseacha | 26 |
| Cur Chun Feidhme agus Faireachán | 56 |
| Aguisíní | 57 |
| Buíochas | 65 |

# Réamhrá

**Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman**

Tá an doiciméad seo ar an dara Ráiteas Straitéise ó Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman. Cumhdaítear sa Straitéis na blianta 2023 go 2027. Athdhearbhaítear inti ár gcroíluachanna, ár misean agus ár spriocanna straitéiseacha, mar atá leagtha amach sa chéad Ráiteas Straitéise uainn, agus cuirtear leo inti. Tugtar sa straitéis seo treochlár don dóigh a mbainfimid ár spriocanna amach thar an gcéad chúig bliana eile.

Tá ríthábhacht ag baint leis an oideachas agus an oiliúint ar ardchaighdeán a sholáthar inár bpobal, agus leanfaimid le freagairt do riachtanais ár bpobal agus ár bhfoghlaimeoirí. Féachfaimid le saoráidí, acmhainní agus teagasc a sholáthar de réir na gcaighdeán is airde is féidir de réir mar a fhreagraímid do na riachtanais athraitheacha inár sochaí.

Tagaimid le chéile chun freastal ar éilimh ár saoil nua-aimseartha. Ní hé amháin go ndéanaimid amhlaidh inár ngnáthobair laethúil, ach freagraímid freisin do na géarchéimeanna agus na bacainní éagsúla a thagann romhainn, amhail paindéim Covid-19 agus an tionchar a bhí aici ar an oideachas agus an oiliúint agus ar an tsochaí ina hiomláine.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis na comhaltaí eile de Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, lenár mbaill foirne uile agus leis an raon leathan geallsealbhóirí a thóg an t-am chun athmhachnamh a dhéanamh ar ár n-eagraíocht agus chun rannchuidiú le forbairt na Straitéise seo.

Leanfaidh na comhaltaí de Bhord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus a chuid ball foirne le freastal ar na dúshláin uile a thiocfaidh chun cinn thar an gcéad chúig bliana eile agus déanfaimid an méid sin ar an mbealach tiomnaithe díograiseach céanna de réir mar a leanaimid leis an oideachas agus an oiliúint atá cuntasach, atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir, atá cuimsitheach agus atá ar ardchaighdeán a sholáthar, agus meas á léiriú againn do chách.

'Ní neart go cur le chéile'.



An Comh. Barbara-Anne Murphy
Cathaoirleach, Bord Oideachais agus
Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman



# Fáilte

**Teachtaireacht ó Phríomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman**

## Tá lúcháir agus bród orm an dara Ráiteas Straitéise ó Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman don tréimhse cúig bliana ó 2023 go 2027 a chur i láthair.


Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman sa bhliain 2013 faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, agus beidh sé ag comóradh 10 mbliana a bhunaithe an 1 Iúil 2023. Le linn na tréimhse sin, d'oibrigh baill foirne, lucht bainistíochta agus Bord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna go crua chun Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman a bhunú mar phríomhcheannaire i réimse an oideachais, na hoiliúna agus na seirbhísí óige ar fud an dá chontae, agus creidim gur éirigh linn é sin a dhéanamh. Léiríodh sna hathbhreithnithe táthrialta a rinneadh ar an ráiteas straitéise roimhe don tréimhse 2018-2022 gur cuireadh chun feidhme go substaintiúil na gníomhartha straitéiseacha a ghabhamar orainn féin. Cuireadh chun feidhme a lán gníomhartha eile nár samhlaíodh ag an am freisin. Ina theannta sin, chruthaíomar le linn phaindéim Covid-19 gur féidir leis an mBord Oideachais agus Oiliúna bheith sofhreagrach, lúfar agus tiomanta don fhís atá againn an fhoghlaim a threorú trí sheirbhísí oideachais agus oiliúna atá ar ardchaighdeán, cuimsitheach, sofhreagrach agus nuálach a sholáthar inár bpobal.

Cuireadh méid ollmhór oibre isteach chun an straitéis seo a fhorbairt, arb ionann í, tríd is tríd, agus ár bplean oibre don chéad chúig bliana eile. Rannchuidigh a lán daoine ó gach cuid den eagraíocht leis an líon mór fóram comhchomhairleach a tionóladh chun an straitéis a phlé, lenar áiríodh múinteoirí, teagascóirí, cúntóirí riachtanas speisialta, riarthóirí, baill foirne cothabhála, bainisteoirí scoile agus bainisteoirí breisoideachais agus oiliúna. Rinne mic léinn ónár scoileanna agus foghlaimeoirí aosacha rannchuidiú mór, agus thapaigh Bord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna deis ag a lán cruinnithe chun scrúdú fóiréinseach a dhéanamh ar an obair a bhí ar siúl. Bhí an t-ádh dearg orainn gur fhreastail saineolaithe ina réimse féin ó áiteanna lasmuigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna ar chuid mhór dár

gcruinnithe fócasghrúpa, agus a gcuid ama agus a ndearcadh seachtrach saineolaíoch á dtabhairt acu. Tá na rudaí sin ríthábhachtach i bpróiseas den sórt seo. Is mór againn go bhfuaireamar sárthacaíocht ónár gcomhpháirtithe reachtúla, oideachais, gnó, deonacha agus pobail, agus iad ag cur a dtuairimí in iúl ar conas is féidir leis an mBord Oideachais agus Oiliúna freastal ar riachtanais ár bpobail. Cé go ndearna Foireann Ardbhainistíochta an Bhoird Oideachais agus Oiliúna formhaoirseacht ar bhainistiú an phróisis, gabhaimid buíochas ar leith leis an Dr. Karina Daly, Stiúrthóir um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta, a rinne formhaoirseacht ar an bpróiseas ar fad, a scríobh an chuid is mó den doiciméad, agus a thug ceannaireacht iontach dúinn.

Is dúshlán suntasach é pleanáil a dhéanamh don chéad chúig bliana eile i ndomhan a bhíonn ag athrú i gcónaí. Ghlacamar cur chuige téamach i leith ár straitéise, agus sinn ag leagan amach sé sprioc straitéiseacha ar dá réir a sholáthróimid an teagasc agus an fhoghlaim, áit a mbeidh an foghlaimeoir i gcroílár na nithe uile a bhféachfaimid le hiad a dhéanamh. Leis na sé sprioc straitéiseacha sin – Cáilíocht, Scoileanna agus Coláistí Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí, Cumarsáid agus Margaíocht, Sláinte agus Folláine, Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht, agus Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta/Foghlaim Dhigiteach – soláthraítear creat do gach a ndéanaimid agus cuirtear ar ár gcumas breac-chuntas a thabhairt ar ár dtosaíochtaí agus ár ngníomhartha le haghaidh chur chun feidhme an phlean straitéisigh.

Tá súil agam go dtógfaidh tú an t-am chun an doiciméad seo a léamh agus go bhfeicfidh na daoine a raibh ról acu ina phleanáil na torthaí ar a gcuid oibre. Thar aon rud eile, tá súil agam gur féidir linn go léir obair le chéile i bhfíorchomhar agus i bhfíor-chomhpháirtíocht chun ardaidhmeanna an Ráitis Straitéise 2023-2027 a bhaint amach ar mhaithe leis an oideachas agus an oiliúint ar ardchaighdeán a sholáthar do phobail Chontae Phort Láirge agus Chontae Loch Garman.



An tUas. Kevin Lewis
Príomhfheidhmeannach, Bord
Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge
agus Loch Garman



# Achoimre Fheidhmeach

**Is doiciméad ardleibhéil é an Ráiteas Straitéise ó Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, agus é ceaptha chun bonn eolais a chur faoi phleanáil amach anseo laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna don tréimhse 2023-2027 agus chun an obair sin a threorú. Forbraíodh an Ráiteas Straitéise tar éis próiseas cuimsitheach comhairliúcháin a sheoladh. Áiríodh leis an bpróiseas sin Bord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, baill foirne, mic léinn agus foghlaimeoirí aosacha, leasanna gnó agus eacnamaíocha, fostóirí, údaráis áitiúla, institiúidí tríú leibhéal agus páirtithe leasmhara eile.**

**D'imir an próiseas sin ról tábhachtach maidir leis an raon mór éagsúil saineolais, taithí agus ardaidhmeanna atá ann laistigh dár n-eagraíocht chasta mhór a thabhairt le chéile agus a chur san áireamh. Níor tháinig aon athrú ar ár misean ná ar ár gcroíluachanna thar na cúig bliana seo a chuaigh thart, agus treoróidh siad ár gcuid oibre agus sinn ag dul isteach sa chéad timthriall straitéiseach eile. Forbraíodh ár dtosaíochtaí straitéiseacha tar éis anailís chuimsitheach athmhachnamhach a dhéanamh ar ár misean mar eagraíocht agus ar ár n-ardaidhmeanna don todhchaí.**

Leanann an Bord Oideachais agus Oiliúna le tús áite a thabhairt do shármhaitheas sa teagasc agus san fhoghlaim agus don fhoghlaimeoir ina sholáthair oideachais agus oiliúna. Mar aon le freastal ar na riachtanais atá ag ár mic léinn agus ag ár bhfoghlaimeoirí aosacha agus ar na riachtanais athraitheacha atá ag fostóirí, tá sé ríthábhachtach dúinn go bhfreastalóimis ar na riachtanais atá ag pobail agus geilleagair áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta freisin.

Rud bunúsach, creidimid gurb ann do chonair i dtreo na foghlama do chách agus gur cheart an t-eispéireas oideachasúil agus oiliúna a bheith ina eispéireas bunathraitheach do mhic léinn agus d'fhoghlaimeoirí aosacha.

Agus ár spriocanna straitéiseacha á gcur le chéile againn, bhreathnaíomar níos faide ná tréimhse feidhme an Ráitis Straitéise seo. Chomhaontaíomar ráitis intinne - is é sin le rá, an riocht ba mhaith linn a bheith orainn faoin mbliain 2030. Is uaillmhianach agus indéanta araon atá na pleananna atá againn.

# Cáilíocht

**Sprioc Straitéiseach 1:**

Faoin mbliain 2030, beidh Cáilíocht leabaithe i ngach a ndéanaimid. Beidh struchtúr láidir agus samhail rialachais láidir i bhfeidhm ag an mBord Oideachais agus Oiliúna chun cáilíocht a bhainistiú ar fud gach réimse. Earcóimid baill foirne atá ardcháilithe agus atá cáilithe go cuí chun an t-oideachas agus an oiliúint a sholáthar agus tabharfaimid rochtain dóibh ar dheiseanna Foghlama agus Forbartha Gairmiúla chun cur lena gcleachtas gairmiúil. Bunaithe ar chomhairliúchán, beidh a fhios againn go mbraitheann ár mbaill foirne go bhfuil sé tábhachtach go léireodh an Bord Oideachais agus Oiliúna conas a bhaineann sé dea-cháilíocht amach agus cé na bearta a chuirimid i bhfeidhm chun cáilíocht a dhearbhú. Beidh gach rud tábhachtach – go háirithe na rudaí beaga. Beidh cumhacht tugtha againn do bhaill foirne chun cáilíocht a bhainistiú ar fud na heagraíochta. Beidh cáilíocht ina cuid bhunúsach dár gcultúr anois.

Cén fáth?
Tá an cháil atá ar an mBord Oideachais agus Oiliúna bunaithe ar cháilíocht ár soláthair oideachais agus oiliúna. Féachaimid leis an gcáil atá orainn a fheabhsú trí bhearta a chur i bhfeidhm chun a léiriú go bhfuil cáilíocht leabaithe i ngach a ndéanaimid – ár soláthar oideachais agus oiliúna, an dóigh a n-earcaímid baill foirne, ár gcórais tacaíochta, agus ár leibhéil seirbhíse do chustaiméirí.

# Scoileanna agus Coláistí Breisoid-eachais agus Oiliúna na Todhchaí

**Sprioc Straitéiseach 2:**

Faoin mbliain 2030, beidh saoráidí úrscothacha i bhfeidhm ag an mBord Oideachais agus Oiliúna dár gcuid ball foirne agus mac léinn/foghlaimeoirí aosacha. Beidh obair déanta ag an mBord Oideachais agus Oiliúna go dlúth leis an Roinn Oideachais, le SOLAS agus leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE) chun a chinntiú go ndéantar infheistíocht chuí shuntasach inár mbonneagar fisiciúil. Beidh againn anois saoráidí ar fud Phort Láirge agus Loch Garman a bhfuil ár mbaill foirne bródúil astu agus ina spreagtar ár gcuid mac léinn/foghlaimeoirí aosacha chun foghlaim. Laistigh de chontaetha Phort Láirge agus Loch Garman, beidh an soláthar breisoideachais agus oiliúna tugtha le chéile againn cibé áit a bhfuil sé ciallmhar déanamh amhlaidh. Beidh spásanna solúbtha teagaisc agus foghlama i bhfeidhm againn agus beidh ár gcuid coláistí agus ionad ina moil thábhachtacha ina bpobail. Beidh iniúchadh déanta againn ar réimsí nach dtagann faoin mbonneagar fisiciúil sa straitéis uainn, agus sinn ar an eolas go bhfuil ár saoráidí ina moil thábhachtacha agus ina n-áiteanna cruinnithe tábhachtacha do mhic léinn/foghlaimeoirí aosacha, a chothaíonn cairdeas agus naisc trí idirghníomhaíochtaí sóisialta agus cultúrtha. Beidh ár saoráidí forbartha againn ar aon dul leis an mórchlár oibre glas agus beimid ar thús cadhnaíochta na nuálaíochta ina leith sin.

Cén fáth?
Is é an uaillmhian atá againn timpeallachtaí barrmhaithe foghlama agus conairí solúbtha trínár gcláir agus don saol ina ndiaidh a chruthú. Is eol dúinn go gcuireann saoráidí ar ardchaighdeán le cáilíocht na foghlama.

## Cumarsáid agus Margaíocht

### Sprioc Straitéiseach 3:

Faoin mbliain 2030, beidh cáil ar an mBord Oideachais agus Oiliúna ar fud Phort Láirge agus Loch Garman as na cláir oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a sholáthraímid do dhaoine de gach aois. Beidh íomhá branda atá pearsanta agus spéisiúil againn, ar íomhá í atá so-aitheanta agus gairmiúil freisin. Beidh sé éasca do mhic léinn ionchasacha/foghlaimeoirí aosacha ionchasacha teacht ar an bhfaisnéis bheacht atá á lorg acu. Beidh naisc an-láidir ag an mBord Oideachais agus Oiliúna le comhpháirtithe ar fud Phort Láirge agus Loch Garman agus, thar aon rud eile, beidh naisc an-láidir aige lena phobail áitiúla agus leis na tionscail/seirbhísí áitiúla a thacaíonn leis na pobail sin. Beidh infheistíocht déanta againn i margaíocht, agus beidh feabhas tagtha ar a infheicthe atá ár gcuid scoileanna agus ionad Breisoideachais agus Oiliúna mar thoradh ar mhargaíocht spriocdhírithe agus mar thoradh ar ár dtairiscint a thaispeáint – foirgnimh nua-aimseartha agus oideachas sármhaith agus oiliúint shármhaith a soláthraíonn múinteoirí agus teagascóirí ar ardchaighdeán iad agus a dtacaíonn cuid mhór bainisteoirí agus ball foirne leo. Nuair a luafar Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, smaoineoidh daoine faoi cháilíocht, faoi roghanna, faoi phobal agus faoi dheiseanna a sholáthar dóibh sin atá ag tosú amach nó atá ag déanamh tús nua.

Cén fáth?
Tá sé tábhachtach branda láidir a fhorbairt don Bhord Oideachais agus Oiliúna ar aon dul leis na hardaidhmeanna atá againn soláthar oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a threorú san Oirdheisceart.

## Sláinte agus Folláine

### Sprioc Straitéiseach 4

Faoin mbliain 2030, beidh cáil ar an mBord Oideachais agus Oiliúna as a bheith ina áit iontach chun obair agus chun foghlaim ann. Ar fud ár scoileanna agus ár n-ionad uile, beidh baill foirne agus mic léinn/foghlaimeoirí aosacha ar aon intinn maidir leis an mBord Oideachais agus Oiliúna – feicfear iad, éistfear leo agus beidh meas orthu. A luaithe a rachaidh siad isteach i bpobal an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, braithfidh ár mbaill foirne go dtacaítear leo – tuigfidh a n-ionad nó a scoil cé atá iontu, beidh meas aige nó aici ar na láidreachtaí atá acu agus tacóidh sé nó sí leis na laigí atá acu. Beidh Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ina gcuid dhílis den eagraíocht anois.

Cén fáth?

Is áit oibre ghnóthach éagsúil é an Bord Oideachais agus Oiliúna agus tá sé de dhualgas air freastal ar a lán grúpaí geallsealbhóirí. Trí dhul i gcomhairle leo, is eol dúinn go bhfuil ár gcuid ball foirne agus mac léinn/foghlaimeoirí aosacha ag iarraidh a bheith ina gcuid de phobal a thacaíonn le hindibhidiúlacht, a cheiliúrann éachtaí agus a thugann tacaíocht le linn amanna deacra. Chun pobal den sórt sin a chruthú, is gá comhbhá agus éirim mhothúchánach a bheith leabaithe isteach inár n-eagraíocht. Is eol dúinn freisin go gcabhraíonn dea-shláinte agus dea-fholláine foirne go mór leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim.

# Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht

## Sprioc Straitéiseach 5

Faoin mbliain 2030, beidh cáil ar an mBord Oideachais agus Oiliúna as an gcultúr aeráide atá ar bun ann. Beidh athrú iompraíochta spreagtha againn ar fud ár scoileanna agus ár saoráidí breisoideachais agus oiliúna. Beidh an inbhuanaitheacht leabaithe sa dóigh a dteagascaimid, sna nithe a theagascaimid agus sa dóigh a ndéanaimid cumarsáid leis an mórphobal. Beimid inbhuanaithe i ndáil leis na nithe a theagascaimid agus i ndáil leis an dóigh a dteagascaimid. Beidh bród orainn as ár n-éachtaí agus beidh bród orainn iad a chomhroinnt le daoine eile. Tabharfaidh ár mbaill foirne aird ar shrianta aeráide agus comhshaoil mar ghnáthchuid den saol. Spreagfar iad le linn a gcuid oibre, agus ambasadóirí ar fud ár gcuid scoileanna, ionad agus oifigí ag comhoibriú lena chéile chun tuilleadh gníomhartha a spreagadh. Tomhaisfimid cad a dhéanaimid. Déanfaimid é sin trí na nithe seo a leanas a bheith againn: ambasadóirí atá lonnaithe ar fud ár saoráidí; baill foirne a oibríonn go lánaimseartha ar na tionscadail; grúpa stiúrtha atá freagrach as an obair a chomhordú; agus buiséad lena dtacaítear leis an obair.

Cén fáth?

Tá fianaise ann ar gach taobh dínn ar an ngá atá ann le cónaí agus le hobair ar shlí inbhuanaithe. Is gá dúinn an méid sin a dhéanamh mar ábhar práinne, agus bíonn an phráinn ag méadú i gcónaí. Bíonn an reachtaíocht á hathrú chun iompraíocht mhíchuí a phionósú agus, ar fud an domhain, bíonn an argóint mhorálta ar son scriosadh córas nádúrtha a stad ag éirí níos láidre i gcónaí. Níl de rogha againn ach gníomhú. Tá níos mó agus níos mó daoine ag iarraidh obair in áiteanna ina dtugtar tús áite don chomhshaol. Táimid ag déileáil le géarchéim fuinnimh faoi láthair. Cé gur féidir gur géarchéim ghearrthéarmach í an ghéarchéim sin, léiríonn sí dúinn an riosca méadaithe a bhaineann lena bheith spleách ar bhreoslaí iontaise.

Oibrímid le daoine ó chuid mhór cúlraí difriúla, agus is gá dúinn cabhrú le daoine nach bhfuil chomh saibhir céanna roghanna saoil inbhuanaithe a thuiscint agus a rochtain. Mar gheall ar an ngné sin den cheartas aeráide, ní mór dúinn smaoineamh faoi conas is féidir linn cabhrú le daoine billí a laghdú agus, ag an am céanna, faoi conas is féidir linn an brú ar an gcomhshaol a mhaolú. Mar chuid lárnach den chlár oideachais, is féidir díriú ar laghdú a dhéanamh ar an tomhaltachas agus ar an dúil i "rudaí" a cheannach. Is eol dúinn gur féidir linn freagairt go héifeachtach do ghéarchéimeanna agus, i bhfianaise na ngéarchéimeanna fuinnimh reatha, tá deis ann anois difríocht bhuan a dhéanamh.

Beidh poist na todhchaí dírithe ar stíleanna maireachtála inbhuanaithe a chruthú agus a chumasú – idir chruthaitheacht agus innealtóireacht. Dá bhrí sin, ní mór dúinn cabhrú lenár gcuid mac léinn/foghlaimeoirí aosacha na poist sin a rochtain trí iad a ullmhú dóibh trí na cúrsaí a sholáthraímid agus tríd an dóigh a dteagascaimid.

# Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta/ Foghlaim Dhigiteach

## Sprioc Straitéiseach 6:

Faoin mbliain 2030, beidh tionchar ollmhór imeartha ag an dul chun cinn i dteicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide ar an dóigh a seolann an Bord Oideachais agus Oiliúna a chuid teagaisc, oiliúna agus gnó. Toisc go mbíonn athruithe á ndéanamh chomh tapa sin, níl sé éasca an chuma a bheidh ar an tírdhreach a thuar. Tá fás ollmhór tagtha le blianta beaga anuas ar an úsáid a bhaintear as néalseirbhísí, as gléasanna móibíleacha agus as uirlisí teagaisc ar líne. Mar thoradh ar phaindéim Covid-19, leagadh béim mhéadaithe ar úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha don teagasc, don fhoghlaim agus don bhainistíocht. D'fhreagair an Bord Oideachais agus Oiliúna go maith do na dúshláin a bhain leis an mearghlacadh le teicneolaíochtaí digiteacha cianoibre/ cianfhoghlama le linn na paindéime. Is próisis láimhe pháipéarbhunaithe iad a lán próiseas laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna go fóill, áfach. Mar sin, is gá leas iomlán a bhaint anois as an acmhainneacht iomlán atá ag teicneolaíochtaí digiteacha, ní amháin chun cur leis an dóigh a dteagasctar mic léinn/foghlaimeoirí aosacha agus a ndéantar measúnú orthu, ach chun feabhas a chur ar an mbainistíocht agus na próisis laistigh de thimpeallacht gnó an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus chun tacú leis an inbhuanaitheacht freisin.

Cén fáth?
Úsáidtear an teicneolaíocht chun feidhm 'gnó mar is gnách' a chomhlíonadh laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna faoi láthair. Is teoranta, áfach, atá an acmhainn reatha atá ann sonraí a anailísiú go héifeachtúil agus próisis dhigiteacha agus teicneolaíochtaí nua a chur chun feidhme. Is gá straitéis fhoriomlán TF a chur i bhfeidhm agus an tsamhail oibriúcháin a athbhreithniú chun an bealach a réiteach le haghaidh TF a bhunathrú go hiomlán laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna.

# Achoimre ar an bhFís Straitéiseach agus ar an Misean Straitéiseach

**Fís**

Féachann Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman leis an bhfoghlaim a threorú trí sheirbhísí oideachais agus oiliúna atá ar ardchaighdeán, cuimsitheach agus nuálach a sholáthar inár bpobal.

**Misean**

Raon leathan clár, seirbhísí agus tacaí oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a sholáthar do leanaí, do dhaoine óga agus d'aosaigh ar fud réigiún Phort Láirge agus Loch Garman.

# An Comhthéacs Náisiúnta agus Eorpach

Tá na hathruithe geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil atá i réim ar an leibhéal áitiúil agus domhanda faoi láthair mar fhianaise ar a thábhachtaí atá ár struchtúr oideachais agus oiliúna maidir le freagairt do dhúshláin agus maidir le deiseanna nua a thapú araon. Maidir le géardhúshláin, tá na daoine is soghonta agus is imeallaithe thíos go fóill leis an tionchar a bhí ag paindéim Covid-19 ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar agus le hiarmhairtí fadtéarmacha na foghlama a cailleadh. Tá an méid sin le feiceáil ar fud an oideachais bunscoile agus iar-bhunscoile agus ar fud an tsoláthair breisoideachais agus oiliúna araon. Is gá do chuid mhór daoine athoiliúint agus uasoiliúint. Fágann na hathruithe i saol na hoibre nach mór do struchtúir oideachais agus oiliúna bheith lúfar de réir mar a athraíonn poist go tapa. Mar sin, ní mór foghlaim ar feadh an tsaoil a sholáthar do gach duine, rud a chuirfidh brúnna suntasacha ar institiúidí oideachais threasaigh. D'imir paindéim Covid-19 tionchar suntasach ar shaol na hoibre ar shlite eile ag an am céanna, toisc gur ghlac cuideachtaí le modhanna níos solúbtha oibre agus leis an gcianobair, agus tuilleadh béime á chur acu ar scileanna digiteacha agus ar fholláine. Ceann amháin de na tosca is tábhachtaí d'institiúidí oideachais agus oiliúna a bheidh in athmhachnamh a dhéanamh ar conas agus cén uair a thairgtear soláthar agus ar cén áit a dtairgtear í agus i bhfreagairt don soláthar sin.

Ar an leibhéal náisiúnta, tá geilleagar sárfhorbartha, a bheag nó a mhór, ag Éirinn. Is geilleagar é sin a bhaineann tairbhe as tionscal seanbhunaithe teicneolaíochta. Feidhmíonn Éire go láidir faoi roinnt méadrachtaí san Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach (DESI). Rangaíodh sa séú háit san Eoraip í sa bhliain 2020 ar fud raon critéar, lenar áiríodh nascacht, caipiteal daonna, úsáid seirbhísí Idirlín, comhtháthú teicneolaíochta digití, agus seirbhísí poiblí digiteacha. I gcodarsnacht leis sin, áfach, tuairiscíonn beagnach leath an daonra aosach nach bhfuil scileanna digiteacha bunúsacha ar a laghad acu. Is dúshlán suntasach í an deighilt dhigiteach sin atá ag teacht chun cinn, mar gheall ar an tábhacht mhéadaitheach a bhaineann le hinniúlacht dhigiteach bhunúsach a bheith ag daoine chun gur féidir leo páirt a ghlacadh sa tsochaí agus sa mhargadh saothair. Seoladh 'Creat Digiteach na hÉireann' i mí Feabhra 2022. Cuimsíonn sé liosta spriocanna uaillmhianacha atá le baint amach faoin mbliain 2030, mar aon le straitéis do scoileanna. Cruthóidh sé sin dúshlán suntasach agus deis shuntasach araon don Bhord Oideachais agus Oiliúna thar an gcéad chúig bliana eile. Tá an Bord Oideachais agus Oiliúna ag iarraidh ról ceannaireachta a ghlacadh maidir lena chinntiú go dtabharfar tacaíocht do dhaoine agus go n-ullmhófar iad don réabhlóid dhigiteach atá i réim.

Tá gníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht ina mórdhúshláin náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus beidh siad ina mórdhúshláin go fóill thar na blianta atá romhainn. Mar gheall ar an ngéarchéim aeráide, is gá iarracht mharthanach chomhordaithe a dhéanamh chun tacú le daoine agus fostóirí aistriú chuig geilleagar glan-nialasach. Le taobh an aistrithe sin, beidh tacaíocht athoiliúna agus nuálaíochta ag teastáil chun pleanáil níos fadtéarmaí a éascú don inbhuanaitheacht.

Mórdhúshlán eile is ea an daonra atá ag dul in aois agus na neamh-chomhionannais atá ann le fada, a fhágann go bhfuil éileamh méadaitheach ann ar chúram sláinte agus sóisialta. Is dúshlán comhchoiteann é sin do sholáthraithe oideachais threasaigh agus iad ag iarraidh tacú leis an gclár oibre um shláinte an daonra agus tacú le grúpaí imeallaithe gabháil don oideachas agus don oiliúint.

D'fhoilsigh na húdaráis áitiúla i bPort Láirge agus i Loch Garman araon na pleananna forbartha contae uathu le déanaí, agus bhí aird ag an mBord Oideachais agus Oiliúna ar na tosaíochtaí atá leagtha amach sna pleananna sin nuair a d'fhorbair sé an Ráiteas Straitéise uaidh féin. Tá Plean Forbartha Cathrach agus Contae Phort Láirge 2022-2028, mar shampla, bunaithe ar an gcroíphrionsabal um inbhuanaitheacht agus dlúthfhás. Dírítear ann ar athbheochan agus forbairt gheilleagrach a bhaint amach le tacaíocht ó phobail atá bríomhar, inchónaithe agus athléimneach ó thaobh na haeráide de. I bPlean Forbartha Contae Loch Garman 2022-2028, tugtar aghaidh ar raon leathan saincheisteanna idirghaolmhara geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil, agus é mar aidhm fhoriomlán leis forbairt inbhuanaithe agus cuimsiú sóisialta a bhaint amach, oiriúnú don athrú aeráide, agus contae sláintiúil a chruthú inar féidir le gach duine an tsláinte fhisiciúil agus mheabhrach is fearr is féidir agus an fholláine is fearr is féidir a bheith acu.

Oibríonn an Bord Oideachais agus Oiliúna go dlúth leis an Roinn Oideachais maidir le cur chun feidhme an Ráitis Straitéise ón Roinn don tréimhse 2021-23. Tá roinnt príomhstraitéisí oideachais náisiúnta mar bhonn agus thaca ag na spriocanna sin. Áirítear leo sin Plean DEIS 2017 (an beartas um Chuimsiú Sóisialta san Oideachas), an Ráiteas Polasaí Folláine, an Plean Gníomhaíochta do Sholáthar Múinteoirí, Déanann Teangacha Nasc – Straitéis do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn 2017-2026, an Straitéis um Oideachas Digiteach, agus an Ráiteas Polasaí um Oideachas STEM 2017-2026 (lena gcuirtear oideachas STEM chun cinn i measc daoine óga).

Tá roinnt tosca seachtracha suntasacha le cur san áireamh agus an straitéis ón Roinn Oideachais á comhlíonadh. Rud tábhachtach, tá na timpeallachtaí polaitiúla agus geilleagracha fós ag téarnamh ó thionchar na paindéime, agus gealltar i gClár an Rialtais – Ár dTodhchaí Chomhroinnte – tacaíocht ar leith a thabhairt don earnáil oideachais. Rud sonrach, sainaithnítear ann daoine atá i mbaol míbhuntáiste sóisialta, eacnamaíoch agus oideachasúil a fhulaingt a bheith ina spriocghrúpaí ó thaobh tacaíochta de. Leanann na brúnna a bhaineann le fás an daonra le tionchar a imirt ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna agus, cé go bhfuil sé réamh-mheasta go mbeidh laghdú ann i rolluithe thar na blianta atá romhainn, leanfaidh siad le méadú sa ghearrthéarma. Mar sin, is gá áiteanna scoile agus roghanna solúbtha leathnú scoile a bheith ar fáil chun freastal ar na riachtanais mhéadaitheacha sin. Leag an Roinn Oideachais béim freisin ar a thábhachtaí atá sé tacú le múinteoirí, le foirne ceannaireachta scoile agus le gach ball foirne oideachais ina gcleachtas gairmiúil agus ar an ngá atá ann le déanamh amhlaidh. Bíonn baill foirne oideachais ag teacht ar leibhéil nua éagsúlachta laistigh den seomra ranga. Tá béim athnuaite á leagan ar chláir oideachais múinteoirí chun a chinntiú go bhfreastalaítear ar na riachtanais foghlama agus forbartha atá ag baill foirne ina leith sin.

Oibríonn an Bord Oideachais agus Oiliúna go dlúth chun tacú leis an straitéis dar teideal 'Breisoideachas agus Oiliúint sa Todhchaí: An Fhoghlaim a Bhunathrú' ó SOLAS agus an Comhaontú Feidhmíochta Straitéiseach a ghabhann léi a chomhlíonadh freisin. Is nithe iad sin lena gcabhraítear leis na spriocanna breisoideachais agus oiliúna atá ag SOLAS a ailíniú leis na spriocanna breisoideachais agus oiliúna atá ag an mBord Oideachais agus Oiliúna. Rud sonrach, thar théarma na straitéise seo, beidh an fhís atá ag an mBord Oideachais agus Oiliúna maidir le cláir bhreisoideachais agus oiliúna a chomhdhlúthú laistigh de shamhail chomhaontaithe ailínithe leis an bhfís straitéiseach atá ag SOLAS maidir le Coláistí Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí a fhorbairt. Bunathraíodh an tírdhreach scileanna faoin Straitéis Náisiúnta Scileanna thar na cúig bliana seo a chuaigh thart, agus samhail láidir á soláthar le haghaidh scileanna atá ann cheana agus scileanna atá ag teacht chun cinn a shainaithint. Cuireadh freisin leis an gcumas atá ag an earnáil oideachais agus oiliúna cláir chuí spriocdhírithe a sholáthar chun freastal ar na riachtanais sin. Infheistíodh breis agus €620m i gcláir phrintíseachta le linn na tréimhse sin chun freastal ar riachtanais shainaitheanta scileanna, chun fás agus táirgiúlacht a chothú, chun conairí gairme a fhorbairt agus chun tacú le cuspóirí beartais, mar atá leagtha amach sa Straitéis

Náisiúnta Scileanna, i dTionscadal Éireann 2040, sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027, agus sa Phlean Gnímh don Aeráid. A bhuí leis an infheistíocht sin, leathnaíodh an córas printíseachta go mór, cuireadh forbairt clár printíseachta chun cinn in earnálacha nua agus éiritheacha den gheilleagar, agus soláthraíodh bonn le haghaidh mhearfhás na hearnála thar an gcéad chúig bliana eile.

Leagadh sprioc uaillmhianach síos – 10,000 printíseach nua a chlárú gach bliain faoin mbliain 2025. Leis an sprioc sin, buntacaítear leis an ngealltanas ón rialtas feabhas a chur ar an suíomh atá ag cláir phrintíseachta laistigh den earnáil oideachais agus oiliúna. Léirítear sna staitisticí go bhfuil tionchar dearfach á imirt cheana féin ag an mbéim ar chláir phrintíseachta a bheith ina gconair thábhachtach oideachais agus oiliúna.

Tháinig méadú ar an líon clár printíseachta atá ar fáil idir na blianta 2016 agus 2020, ó 27 gcinn go 60 ceann. Tháinig méadú faoi níos mó ná a dhá oiread ar an daonra printíseach, go 19,630 duine, faoi dheireadh na bliana 2020. Forbraíodh 35 chlár printíseachta nua in earnálacha amhail ceantálaíocht, TFC, fáilteachas, lóistíocht agus bithchógaisíocht. Tháinig méadú ar rannpháirtíocht na mban i gcláir phrintíseachta ó 26 dhuine sa bhliain 2015 go 1,017 nduine faoi dheireadh na bliana 2020 agus méadaíodh cistiú ón gCiste Náisiúnta Oiliúna ó €74.7m sa bhliain 2016 go €200m sa bhliain 2021. Níl aon amhras ann ach go ndearnadh dul chun cinn, agus tá an Bord Oideachais agus Oiliúna tiomanta dá chinntiú go leanfaidh na cláir sin le fás ar aon dul leis na hathruithe i riachtanais an tionscail.

Tá forbairt na Straitéise um Litearthacht d'Aosaigh don Saol ina cloch mhíle thábhachtach ar an mbóthar i dtreo oideachas cuimsitheach agus oiliúint chuimsitheach a bhaint amach. Tá an straitéis a d'fhoilsigh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige ina cloch mhíle thábhachtach eile. Forbairt shuntasach ar leith de chuid na Roinne sin ó foilsíodh an Ráiteas Straitéise roimhe is ea an scéim cistiúcháin spriocdhírithe don Óige dar teideal UBU: D'Áit, Do Spás. Leis an scéim, soláthraítear seirbhísí chun tacú le daoine óga – go háirithe iad sin atá imeallaithe, atá faoi mhíbhuntáiste nó atá soghonta – forbairt a dhéanamh ar na scileanna pearsanta agus sóisialta a theastaíonn uathu chun feabhas a chur ar a ndeiseanna sa saol.

Tá an Bord Oideachais agus Oiliúna i riocht maith chun freagairt do na riachtanais agus na dúshláin a sainaithníodh ina réigiún i ndáil le gnóthachtáil oideachasúil, foghlaim ar feadh an tsaoil, ullmhacht don obair, rochtain ar an bhfostaíocht, cuimsiú sóisialta, agus pobail inbhuanaithe. Déantar ionadaíocht don Bhord Oideachais agus Oiliúna ar choistí stiúrtha agus fochoistí de chuid na gCoistí Forbartha Pobail Áitiúil i bPort Láirge agus i Loch Garman, le hoifig Éire Thoir Theas agus le Fóram Réigiúnach Scileanna an Oirdheiscirt, agus oibríonn sé go dlúth leo. Déanann sé idirchaidreamh dlúth leis an lucht tionscail freisin trí chomhaltas de Chomhlachais Tráchtála agus de IBEC. Tugann a Aonad um Sheirbhís do Ghnólachtaí tacaíocht do na céadta fostóirí ar fud an réigiúin. Tá lúcháir ar an mBord Oideachais agus Oiliúna comhpháirtíocht láidir a chothú le hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, rud a bunaíodh le déanaí.

# An Straitéis/an Mhodheolaíocht a Fhorbairt



**Is é an Ráiteas Straitéise seo an toradh ar phróiseas comhairliúcháin fairsing cuimsitheach a seoladh le linn na mblianta 2021 agus 2022. Áiríodh sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla agus anailís chainníochtúil agus cháilíochtúil araon leis an taighde a rinneadh. Ba é a bhí i gceist leis an gcéim comhairliúcháin ná cruinnithe, seisiúin fócasghrúpa, agus ceistneoirí. Chuathas i gcomhairle leis na grúpaí geallsealbhóirí seo a leanas le linn an Ráiteas Straitéise a fhorbairt:**

| | Grúpa Geallsealbhóirí | Modh |
|---|---|---|
| 1 | Mic Léinn i Scoileanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus Foghlaimeoirí Aosacha (cláir bhreisoideachais agus oiliúna) | Seisiúin Fócasghrúpa/Cruinnithe Duine le Duine |
| 2 | Gach Ball Foirne de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna | Ceistneoir |
| 3 | Bord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna | Cur i Láthair, Seisiúin Fócasghrúpa, Ceistneoir |
| 4 | Geallsealbhóirí Seachtracha (Grúpa Ionadaíoch) | Seisiúin Fócasghrúpa, Ceistneoir |


Forbraíodh straitéis an Bhoird Oideachais agus Oiliúna i gcomhthéacs Straitéis Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ) 2022-2024. Is é BOOÉ an comhlacht ionadaíoch náisiúnta do na Boird Oideachais agus Oiliúna atá ina mbaill de. Cuimsíonn sé baill foirne de chuid BOOÉ, Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna, Stiúrthóirí Breisoideachais agus Oiliúna, Stiúrthóirí Scoileanna, Stiúrthóirí um Fhóraim Eagrúcháin, Thacaíochta agus Forbartha, agus na líonraí agus na grúpaí faoi seach a bhaineann leis na fóraim sin. Is é an misean atá ag BOOÉ forbairt leantach an oideachais, na hoiliúna agus na hoibre óige in Éirinn a stiúradh agus a chur ar aghaidh. Leagtar amach i Ráiteas Straitéise BOOÉ 2022-2024 uaillmhian shoiléir go mbeadh an earnáil breisoideachais agus oiliúna ar thús cadhnaíochta na hoibre chun saol daoine, pobal agus fiontar a bhunathrú tríd an oideachas, an oiliúint agus an obair óige. Leagtar síos ann sé sprioc ardleibhéil a thagann faoi thrí cholún straitéiseacha, is iad sin: Daoine; Comhpháirtíocht; agus Acmhainneacht. Is iad croíluachanna an Ráitis Straitéise ná Sármhaitheas, Cúram, Comhionannas, Pobal, agus Meas. Cuirtear de chúram ar gach Bord Oideachais agus Oiliúna a gcroíluachanna féin a fhorbairt ar leibhéal eagraíochta, agus iad bunaithe ar na luachanna sin a comhaontaíodh ar an leibhéal náisiúnta.



# Próifíl an Bhoird Oideachais agus Oiliúna

**Áirítear iad seo a leanas le soláthar oideachais agus oiliúna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna: Pobalscoil Náisiúnta; dhá scoil dara leibhéal déag; Coláiste Iar-Ardteistiméireachta saorsheasaimh amháin; raon ionad agus seirbhísí breisoideachais agus oiliúna; Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh amháin; Seirbhísí Obair Óige; agus Giniúint Ceoil. Is mórfhostóir san Oirdheisceart é an Bord Oideachais agus Oiliúna freisin, agus breis agus 1800 ball foirne aige. Tá 28,000 duine de mhic léinn agus d'fhoghlaimeoirí aosacha aige freisin.**

## Ár gCroíluachanna



# Ár Luachanna

## 1. Meas

An chiall atá leis an luach:
Caithimid le gach duine eile sa dóigh a mbeimis ag súil leis go gcaithfí linn féin, déanaimid talamh slán de go mbíonn intinn dhearfach ag daoine, agus caithimid le gach duine ar bhealach cothrom agus le cúirtéis.

An dóigh a gcuirtear an luach i bhfeidhm:
Urramaímid éagsúlacht, léirímid comhbhá agus cothroime, aithnímid iarrachtaí, agus caithimid go cothrom le gach duine.

## 2. Cuntasacht

An chiall atá leis an luach:
Glacaimid cuntasacht iomlán le linn dúinn freagrachtaí tarmligthe ár róil a chomhlíonadh agus ceanglaímid orainn féin agus ar na daoine a n-oibrímid leo cloí leis na caighdeáin ghairmiúla is airde.

An dóigh a gcuirtear an luach i bhfeidhm:
Bímid gairmiúil agus féachaimid le dea-thorthaí a bhaint amach ar bhealach oscailte, macánta agus trédhearcach.

## 3. Díriú ar an bhFoghlaimeoir

An chiall atá leis an luach:
Cuirimid an foghlaimeoir i gcroílár gach a ndéanaimid.

An dóigh a gcuirtear an luach i bhfeidhm:
Bímid cuimsitheach, tacúil, measúil, sofhreagrach, nuálach agus comhbhách.

## 4. Cáilíocht

An chiall atá leis an luach:
Féachaimid le cáilíocht na seirbhísí a sholáthraímid a fheabhsú go leanúnach. Déanaimid athbhreithniú agus faireachán ar sholáthar ár seirbhísí in aghaidh na gcaighdeán is airde dúinn féin agus do dhaoine eile agus iad ag iarraidh cumas an fhoghlaimeora a uasmhéadú.

An dóigh a gcuirtear an luach i bhfeidhm:
Féachaimid lena bheith inár gceannairí, leagaimid ionchais níos airde orainn féin, bímid tiomanta agus gairmiúil, agus dírímid ar thorthaí.

## 5. Inbhuanaitheacht

An chiall atá leis an luach:
Féachaimid le hathrú iompraíochta a spreagadh agus leis an inbhuanaitheacht a leabú sa dóigh a dteagascaimid agus sa dóigh a n-oibrímid.

An dóigh a gcuirtear an luach i bhfeidhm:
Oibríonn baill foirne agus foghlaimeoirí le chéile chun an inbhuanaitheacht a leabú i ngach a ndéanaimid – i dtreo todhchaí níos fearr do chách.

# Creat Rialachais agus Reachtach

Mar atá leagtha amach san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, is údarás áitiúil reachtúil oideachais agus oiliúna é an Bord Oideachais agus Oiliúna. Tá sé faoi rialú ag bord a chuimsíonn aon chomhalta is fiche. Áirítear leo sin dháréag ionadaithe san iomlán ó Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus ó Chomhairle Contae Loch Garman; beirt chomhaltaí ar thogh an fhoireann iad; beirt ionadaithe do thuismitheoirí/caomhnóirí; agus cúigear comhaltaí a bhfuil eolas sonrach acu ar an oideachas agus an oiliúint, lena n-áirítear ionadaí d'fhoghlaimeoirí agus ionadaí don lucht gnó. Tacaíonn an bord bainistíochta ar gach coláiste de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna le hobair na heagraíochta freisin. De réir na bhfeidhmeanna forchoimeádta atá leagtha amach in alt 12(i) den Acht, bhunaigh an Bord Oideachais agus Oiliúna roinnt coistí chun tacú lena chuid oibre. Is iad sin:


- **An Coiste Airgeadais**
- **An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca**
- **Coiste Ógtheagmhála**
- **An Coiste Obair Óige**
- **Coistí Limistéir: Limistéar Chathair agus Chontae Phort Láirge; Loch Garman Theas; agus Loch Garman Thuaidh.**

# Forbhreathnú ar sheirbhísí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna

Tá ceannoifig an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lonnaithe in Ard Chaomháin, Loch Garman. Tá oifigí riaracháin aige i gCathair Phort Láirge agus i nDún Garbhán freisin. Soláthraíonn an Bord Oideachais agus Oiliúna seirbhísí oideachais agus oiliúna do bhreis agus 28,000 duine de mhic léinn agus d'fhoghlaimeoirí aosacha ar fud Chontae Phort Láirge agus Chontae Loch Garman. Tá méadú suntasach tagtha le blianta beaga anuas ar an raon cineálacha oideachais agus seirbhísí a sholáthraíonn an Bord Oideachais agus Oiliúna. Tá an raon iomlán seirbhísí a sholáthraíonn an Bord Oideachais agus Oiliúna léirithe thíos:



# Láthair na nIonad laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna




## Pobalscoil Náisiúnta

Pobalscoil Náisiúnta Chill na Manach, Loch Garman

## Iar-Bhunoideachas agus Oideachas Iar-Ardteistiméireachta

Coláiste Bhaile an Droichid, Co. Loch Garman

Gairmcholáiste Bhun Clóidí, Co. Loch Garman

Coláiste Abbáin, Maigh Arnaí, Co. Loch Garman

Coláiste an Átha, Cill Mhucraise, Co. Loch Garman (Oideachas Iar-Ardteistiméireachta san áireamh)

Coláiste Creagh, Guaire, Co. Loch Garman

Coláiste Dhún Garbhán (Oideachas Iar-Ardteistiméireachta san áireamh)

Coláiste Pobail Inis Córthaidh, Co. Loch Garman (Oideachas Iar-Ardteistiméireachta san áireamh)

Coláiste Uí Chinnéide, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman

Meánscoil San Nioclás

Coláiste Sheilsceire, Baile Loch Garman (Oideachas Iar-Ardteistiméireachta san áireamh)

Coláiste Pobail Naomh Déaglán, Coill Mhic Thomáisín, Co. Phort Láirge

Coláiste Pobail Naomh Pól, Port Láirge

Coláiste Breisoideachais Phort Láirge *Oideachas Iar-Ardteistiméireachta Amháin

## Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna*

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bhun Clóidí, Loch Garman

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Cheapach Choinn, Port Láirge

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Dhún Garbhán, Port Láirge

Durands Court, Port Láirge

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Inis Córthaidh, Loch Garman

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Ghuaire, Loch Garman

An tSaotharlann Déantúsaíochta, Inis Córthaidh, Loch Garman

An tSaotharlann Déantúsaíochta, Ros Mhic Thriúin, Loch Garman

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Choill Mhic Thomáisín, Port Láirge

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Ros Mhic Thriúin, Loch Garman

An Foirgneamh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh, Inis Córthaidh, Loch Garman

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Shráid Ozanam, Port Láirge

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Chearnóg an Iarnróid, Port Láirge

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Shráid Mhichíl, Ros Mhic Thriúin, Loch Garman

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Thrá Mhór, Port Láirge

Loch Garman (Breisoideachas agus Oiliúint, Oideachas Aosach)

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Mhuilinn Bháin, Loch Garman

## Ionaid Oiliúna

Ionad Oiliúna Chill Chuacháin

Ionad Oiliúna Phort Láirge

Ionad Oiliúna Loch Garman

## Oideachas agus Oiliúint Allamuigh

Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Shíol Beagáin, Loch Garman

## Ionaid Ógtheagmhála

Ionad Ógtheagmhála Dhún Garbhán, Port Láirge

Ionad Ógtheagmhála Inis Córthaidh, Loch Garman

Ionad Ógtheagmhála Ghuaire, Loch Garman

Ionad Ógtheagmhála Ros Mhic Thriúin, Loch Garman

Ionad Ógtheagmhála Subla, Cathair Phort Láirge

Ionad Ógtheagmhála Phort Láirge

Ionad Ógtheagmhála Loch Garman

## Oifigí Riaracháin

Ard Chaomháin, Loch Garman

Dún Garbhán, Port Láirge

Ionad Oiliúna Phort Láirge

## Pobalscoileanna (a bhfuil an Bord Oideachais agus Oiliúna mar chomhphátrún orthu)

Pobalscoil na hAbhann Duibhe, Lios Mór, Port Láirge

Pobalscoil Ghuaire, Loch Garman

Pobalscoil na Gráinsí, Loch Garman

*Is féidir go n-áireofar le hIonaid Bhreisoideachais agus Oiliúna cláir de chuid na Scéime Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS) agus an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI), cláir Litearthachta Aosach, cláir Oideachas Pobail agus cláir do Dhídeanaithe/Iarrthóirí tearmainn.

# 28,400
# An Líon Mac Léinn agus Foghlaimeoirí

1,850 Líon Ball Foirne
3,086 An Líon Cúrsaí

**29**
An Líon Ionad Breisoideachais agus Oiliúna

**13**
An Líon Coláistí Iar-Bhunoideachais (1 Choláiste Iar-Ardteistiméireac hta san áireamh)

**1**
An Líon Pobalscoileanna Náisiúnta

## 3 An Líon Pobalscoileanna atá faoi Phátrúnacht an Bhoird Oideachais agus Oiliúna

**€147m**
An Buiséad Bliantúil

**700**
An Líon Cuideachtaí ar Tacaíodh Leo

**65**
An Líon Printíseachtaí ar Tacaíodh Leo (13 phrintíseacht inmheánacha san áireamh)

# Sprioc Straitéiseach 1: Cáilíocht

Ár n-aidhm:

**An cháil atá orainn a fheabhsú trí bhearta a chur i bhfeidhm chun a léiriú go bhfuil Cáilíocht leabaithe i ngach a ndéanaimid – ár soláthar teagaisc agus oiliúna, an dóigh a n-earcaímid baill foirne, ár gcórais tacaíochta, agus ár leibhéil seirbhíse do chustaiméirí.**



# 1.1 Tosaíocht Straitéiseach: Struchtúr agus Rialachas (lena n-áirítear seirbhísí eagrúcháin)

## Gníomhartha

1.1.1 An sainchúram atá ar Oifig Cáilíochta an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a leathnú chun go mbainisteoidh sí cáilíocht agus go dtabharfaidh sí tacaíocht – lena n-áirítear faireachán agus athbhreithniú – ar fud na heagraíochta ar fad ar leibhéal na hInstitiúide, na Scoile/an Aonaid agus an Chláir.

1.1.2 Ráiteas maidir le Tiomantas Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman do Cháilíocht a fhorbairt agus a fhoilsiú, rud a bheidh le feiceáil i ngach Scoil agus Ionad.

1.1.3 Creat Cáilíochta a fhorbairt don Bhord Oideachais agus Oiliúna, rud ina gcuirfear san áireamh an tsamhail do scoileanna atá sa doiciméad 'Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022', Creat QQI um Athbhreithniú Institiúideach don Bhreisoideachas agus Oiliúint, agus creataí cáilíochta do sheirbhísí na heagraíochta. Samhail aibíochta a fhorbairt chun aistriú ó dhearbhú cáilíochta go feabhsú cáilíochta.

1.1.4 Oifig um Chláir Bhreisoideachais agus Oiliúna a Fhorbairt a bhunú, rud a ailíneoidh leis an straitéis atá i bhfeidhm ag SOLAS chun tacú le poist agus le conairí foghlama, chun cuimsiú a éascú, chun daoine a uasoiliúint tríd an saol agus trí ghairmeacha agus chun spriocdhíriú ar phríomhriachtanais scileanna. Cuirfear de dhualgas ar an Oifig cláir a bhailíochtú agus a athbhreithniú agus torthaí foghlama a athbhreithniú, ar aon dul leis an straitéis fhoriomlán atá i bhfeidhm ag SOLAS agus ag an mBord Oideachais agus Oiliúna.

1.1.5 Feabhas a chur ar chaidrimh agus naisc chriticiúla le ranna ábhartha rialtais, le húdaráis áitiúla agus le gníomhaireachtaí eile agus meastóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na caidrimh sin, go háirithe caidrimh le comhlachtaí tionscail.

1.1.6 Cur chuige uile-chórais a ghlacadh i leith Bainistíocht Riosca agus bainistíocht Rialuithe Inmheánacha – ar fud gach réimse agus leibhéal den eagraíocht. Áirítear leis sin comhpháirtíochtaí féideartha (e.g., conraitheoirí, soláthraithe tríú páirtí) a mheasúnú ó thaobh riosca de agus comhaontuithe a chur i bhfeidhm le gach geallsealbhóir.

1.1.7 Gach Bord agus Coiste de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a athbhreithniú, lena n-áirítear comhaltas agus Téarmaí Tagartha gach Boird, Coiste agus líonra inmheánaigh. Déanfar féinmheasúnuithe ar Bhoird/Coistí ar bhonn bliantúil. Forbrófar teimpléid do chláir oibre chaighdeánaithe agus do mhiontuairiscí caighdeánaithe.

## Gníomhartha

| | |
|---|---|
| 1.1.8 | Athbhreithniú a dhéanamh ar obair Bhord agus Choistí Alt 45 (an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Coiste Airgeadais) an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus a chinneadh conas a leanfaidh siad le ról straitéiseach a imirt sa todhchaí. |
| 1.1.9 | Guth an mhic léinn/an fhoghlaimeora a neartú ar fud struchtúir rialachais an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. |
| 1.1.10 | Cur chuige lúfar a chur chun feidhme i leith cáilíochta, ar cur chuige é lena gcuirtear sármhaitheas, feabhsú leanúnach agus bunathrú gnó chun cinn. |
| 1.1.11 | Creat Nuálaíochta a fhorbairt agus foireann Nuálaíochta a bhunú. Córais athbhreithniúcháin agus mheastóireachta a fhorbairt chun tacú leis an nuálaíocht ar fud na heagraíochta. |
| 1.1.12 | Cairt Custaiméirí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a chur chun feidhme ina hiomláine ar fud gach réimse. |
| 1.1.13 | Foireann um Fheabhsú Leanúnach a bhunú, rud a dhéanfaidh formhaoirseacht ar fheabhsú leanúnach agus ar cháilíocht san eagraíocht, lena n-áirítear maidir le seirbhísí a sholáthar do chustaiméirí. |
| 1.1.14 | Clár a fhorbairt chun cleachtais athmhachnamhacha agus cleachtais aisiríocha a chur chun feidhme ar fud gach réimse den Bhord Oideachais agus Oiliúna. |
| 1.1.15 | Clár breisithe Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa a chur chun feidhme, áit a ndéanfar iniúchtaí agus athbhreithnithe, a gcuirfear sceideal oiliúna chun feidhme agus a bhforbrófar foirmeacha teimpléadacha. |
| 1.1.16 | Oifigeach Sonraí a cheapadh, a bheidh freagrach as sonraí, as anailísíocht sonraí agus as cosaint sonraí. |
| 1.1.17 | Struchtúr a chur i bhfeidhm chun tacú le bainistíocht conarthaí laistigh den fheidhm soláthair. |
| 1.1.18 | Cur chuige struchtúrtha a chur chun feidhme i leith beartais a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a athbhreithniú. |
| 1.1.19 | Caighdeáin Ghaeilge a chur chun feidhme ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna trí chláir a fhorbairt agus trí oiliúint a chur i bhfeidhm do bhaill foirne. |
| 1.1.20 | Comhdhlúthú córas airgeadais agus uathoibriú próiseas a bhaint amach chun bainistíocht, buiséadú agus tuairisciú airgeadais a fheabhsú. |

## Gníomhartha

1.1.21 An tsamhail um sholáthar seirbhísí comhroinnte a chur i bhfeidhm agus a chothabháil don phárolla foirne agus foghlaimeoirí i gcomhar leis na foirne um Sheirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais de chuid na Roinne Oideachais.

1.1.22 Comhoibriú le Seirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais chun cabhrú le samhail um sheirbhísí comhroinnte a sholáthar amach anseo le haghaidh oibríochtaí airgeadais agus chun pleanáil don tsamhail sin.

1.1.23 Cur leis an gcumas atá ag an bhfeidhm tuairiscithe deaise airgeadais, agus leis an úsáid a bhaintear aisti, chun faisnéis airgeadais atá cothrom le dáta a thabhairt don lucht ardbhainistíochta chun cabhrú leis an gcinnteoireacht.

1.1.24 Buiséadú láraithe a chur chun feidhme don bhreisoideachas agus oiliúint, ar buiséad é a bheidh ailínithe le ceanglais shamhail nua cistiúcháin SOLAS chun acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil do chláir, chun freastal ar na riachtanais atá ag foghlaimeoirí agus chun tuairisciú buiséadaithe agus bainistíochta níos fearr a sholáthar.

1.1.25 Cur chuige cistiúcháin caipitil a fhorbairt i gcomhar le rannóga airgeadais agus rannóga acmhainní daonna chun ceanglais chomhlíonta (lena n-áirítear tuairisciú comhionannais agus éagsúlachta) agus pleanáil fórsa saothair amach anseo a athbhreithniú.

1.1.26 Ceanglais reachtúla tuairiscithe pinsean a chur chun feidhme i gcomhar le Seirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais, leis an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus le Tascghrúpa Pinsean BOOÉ.

1.1.27 Tacú le scoileanna an straitéis dar teideal 'Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022' a chur chun feidhme tríd an bpróiseas féinmheastóireachta scoile.

1.1.28 Éiteas Scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman a chur chun feidhme ar fud na scoileanna uile.

1.1.29 STEAM/STEM a chur chun cinn ar fud ár scoileanna – féachaint le rannpháirtíocht a mhéadú.

1.1.30 Ráiteas a fhorbairt agus a fhoilsiú maidir le Rochtain ar Chúrsaí Breisoideachais agus Oiliúna agus maidir le hAistriú agus Dul Chun Cinn ó na Cúrsaí sin agus eatarthu chun bacainní ar an bhfoghlaim a laghdú agus chun gníomhartha a chur chun feidhme.

1.1.31 Forbairt, cur chun feidhme agus meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar phlean um obair óige don eagraíocht ar fad.

**Gníomhartha**

| | |
|---|---|
| 1.1.32 | Clár Oideachais agus Oiliúna Allamuigh an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a fhorbairt, ar clár é a bheidh i gcomhréir leis an bhfís don tsaoráid úrscothach nua ag Sliabh Fhothart, Loch Garman. |
| 1.1.33 | Cláir chosanta – cúnamh a thabhairt don Roinn Oideachais freastal ar na riachtanais a eascróidh as Clár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann agus ar an soláthar d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta. |
| 1.1.34 | Straitéis cúig bliana a fhorbairt agus a chur chun feidhme do Ghiniúint Ceoil Loch Garman, ar aon dul le cuspóirí na straitéise náisiúnta um Ghiniúint Ceoil, agus Comhpháirtíocht Áitiúil Ghiniúint Ceoil a chur i bhfeidhm chun tacú leis an gclár. |
| 1.1.35 | Straitéis cúig bliana a fhorbairt agus a chur chun feidhme do Ghiniúint Ceoil Phort Láirge, ar aon dul le cuspóirí na straitéise náisiúnta um Ghiniúint Ceoil, agus Comhpháirtíocht Áitiúil Ghiniúint Ceoil a chur i bhfeidhm chun tacú leis an gclár. |
| 1.1.36 | Trí chomórtais agus trí thaispeántais, deiseanna a fhorbairt do mhic léinn/foghlaimeoirí aosacha an Bhoird Oideachais agus Oiliúna chun cur leis an gcoincheap a bhaineann le pobal comhleanúnach a bheith ann laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna. |

## 1.2 Tosaíocht Straitéiseach: Cáilíocht sa Teagasc agus san Fhoghlaim

**Gníomhartha**

| | |
|---|---|
| 1.2.1 | Cur chuige cuimsitheach i leith an oideachais agus na hoiliúna a leabú agus straitéisí a fhorbairt chun bacainní ar rannpháirtíocht a laghdú. |
| 1.2.2 | Naisc a leabú idir oideachas foirmiúil agus oideachas neamhfhoirmiúil (Tionscadail Chríochnaithe Scoile san áireamh) chun a chinntiú go nglacfar cur chuige iomlánaíoch i leith seirbhísí a sholáthar do dhaoine óga, lena n-áirítear iad sin atá i mbaol an scoil a fhágáil go luath. |
| 1.2.3 | Struchtúr a fhorbairt chun tacú leis an anailís ar ghnóthachtáil acadúil ar fud scoileanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. |
| 1.2.4 | Beartas institiúideach a fhorbairt maidir leis an bhFoghlaim Chumaisc ar fud chláir bhreisoideachais agus oiliúna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. |
| 1.2.5 | Modhanna teagaisc, foghlama agus measúnaithe atá nua-aimseartha agus forásach a leabú, lena n-áirítear modheolaíochtaí agus teicneolaíochtaí foghlama cumaisc. |

**Gníomhartha**

1.2.6 Méadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na mban i gcláir cúrsaí oiliúna agus cláir phrintíseachta an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.

1.2.7 Beartais chuí agus nósanna imeachta cuí a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun tacú le hionracas acadúil ar fud na gclár uile.

1.2.8 Struchtúr láidir a fhorbairt le haghaidh dul i dteagmháil le fostóirí i ndáil le taithí oibre agus socrúcháin oibre, lena n-áirítear athbhreithnithe com-hsheasmhacha ar shocrúcháin oibre/taithí oibre. A chinntiú go gcuirfear an beartas um thaithí oibre chun feidhme go comhsheasmhach ar fud gach Coláiste agus Ionaid.

1.2.9 Athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an chiste breisoideachais agus oiliúna d'fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas, chun a chinntiú go mbíonn cuspóirí an chiste á mbaint amach.

1.2.10 Treoirchlár a fhorbairt agus a chur chun feidhme le haghaidh soláthar malartach do dhaoine idir 12 bhliain d'aois agus 14 bliana d'aois a d'fhág an t-oideachas príomhshrutha. An treoirchlár a athbhreithniú agus féachaint le soláthar a chur ar fáil chun freastal ar na riachtanais atá ann ar fud Phort Láirge agus Loch Garman.

## 1.3 Tosaíocht Straitéiseach: Earcaíocht agus Ionduchtú

**Gníomhartha**

1.3.1 Gach próiseas agus doiciméad earcaíochta a chaighdeánú ar aon dul leis an dea-chleachtas san earnáil phoiblí.

1.3.2 Bainistiú a dhéanamh ar an aistriú chuig ríomh-Earcaíocht do gach comórtas earcaíochta.

1.3.3 Comhoibriú le Coláistí Oiliúna Múinteoirí chun tacú le hearcaíocht múinteoirí i margadh fostaíochta a bhíonn ag éirí níos iomaíche i gcónaí.

1.3.4 Tríd an bpróiseas earcaíochta, a chinntiú go mbeidh ag baill foirne an cumas agus an tsolúbthacht a theastaíonn chun cúraimí a chur i gcrích in áit oibre nua-aimseartha (e.g., scileanna TF, tras-scileanna) agus go n-urramóidh baill foirne earcaithe luachanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, mar atá curtha in iúl sa Ráiteas Straitéise.

1.3.5 An bhuíon comhaltaí de phainéil agallaimh a leathnú chun a chinntiú go mbeidh réimse leathan saineolais aici. Cuirfear oiliúint agallaimh i bh-feidhm do bhaill foirne atá páirteach i bPainéil Agallaimh, lena n-áirítear i réimsí amhail oiliúint inniúlachtbhunaithe, oiliúint i gComhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, oiliúint i gClaonadh Neamh-Chomhfhiosach, agus oiliúint Rochtana.

## Gníomhartha

1.3.6 Clár Ionduchtúcháin ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a fhorbairt do bhaill foirne nua.

1.3.7 Clár Ionduchtúcháin ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a fhorbairt, lena n-áirítear tacaíocht shaincheaptha d'fhostaithe nua agus córas páirtíochta a fhorbairt.

1.3.8 Cairt Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a chur chun feidhme chun tacú le fórsa saothair éagsúil.

# 1.4 Tosaíocht Straitéiseach: Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil/ Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

## Gníomhartha

1.4.1 Anailís ar riachtanais scileanna a dhéanamh do gach réimse feidhme, agus cur chuige beartaithe i leith foghlaim agus forbairt ghairmiúil foirne á fhorbairt ar deireadh.

1.4.2 An tsamhail um Pobail Chleachtais atá ar bun ar fud na heagraíochta a fhorbairt tuilleadh chun feabhas a chur ar chleachtas comhoibríoch, lena n-áirítear chun líonraí tacúla a bhunú ar fud seirbhísí teagaisc agus riaracháin.

1.4.3 Oiliúint rialachais a sholáthar do Choistí, do Bhord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, do Bhainisteoirí agus do bhaill foirne a dhéanann ionadaíocht don Bhord Oideachais agus Oiliúna ar Bhoird/Coistí rialachais agus formhaoirseachta.

1.4.4 Leanúint le dul i dteagmháil go hiomlán le grúpaí oibre BOOÉ agus le pobail chleachtais ar mhaithe le comhroinnt eolais agus forbairt ghairmiúil.

1.4.5 Cur leis an gcaidreamh a forbraíodh le hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt chun tacú le forbairt ghairmiúil agus chun bogadh i dtreo oideachas treasach aontaithe a bhaint amach.

1.4.6 Sásraí aiseolais ar fud na heagraíochta agus comhairliúchán struchtúrtha a fhorbairt, lena n-áirítear deiseanna chun éisteacht le guth an mhic léinn/ an fhoghlaimeora aosaigh.

1.4.7 Clár Ceannaireachta Scoileanna a chur chun feidhme ar fud gach Scoile agus Coláiste.

# Sprioc Straitéiseach 2: Coláistí agus Scoileanna na Todhchaí

Ár n-aidhm:

**Saoráidí agus timpeallacht foghlama a fhorbairt a bhfuil ár gcuid ball foirne agus mac léinn bródúil astu.**



# 2.1 Tosaíocht Straitéiseach: Saoráidí

## Gníomhartha

| | |
|---|---|
| 2.1.1 | Scoileanna agus ionaid atá beartaithe a sholáthar trí chaidreamh réamhghníomhach leis an Roinn Oideachais, le SOLAS agus leis an Roinn Breisoideachais, Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta maidir le tionscadail bhonneagair cheadaithe. Áirítear na nithe seo leis na tionscadail tosaíochta sa Bhreisoideachas agus Oiliúint: Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí i mBaile Loch Garman (an Muileann Bán), Ionad Oiliúna Phort Láirge (tionscadal Techniform), Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí i gCathair Phort Láirge/saoráid Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt i Sráid an Choláiste, Ionad na Comhghuaillíochta um Fhoirgnimh Ardfheidhmíochta/an Foirgneamh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh in Inis Córthaidh, an tIonad Breisoideachais agus Oiliúna i dTrá Mhór agus Ionad na Saotharlainne Déantúsaíochta i Lios Mór, Port Láirge. |
| 2.1.2 | Áirítear na nithe seo leis na tionscadail tosaíochta le haghaidh scoileanna: Scoil nua 1,000 dalta do Choláiste Pobail Naomh Déaglán, Coill Mhic Thomáisín, Co. Phort Láirge; Síneadh mór agus athchumraíocht mhór Choláiste Pobail Naomh Pól, Cathair Phort Láirge, chun freastal ar 1,000 dalta; Síntí le Coláiste Dhún Garbhán agus le Meánscoil San Nioclás, an Rinn, Port Láirge; Campas Oideachais Bhaile Loch Garman, lena n-áirítear scoil athsholáthair 1,000 dalta do Choláiste Sheilsceire; Síntí móra le hiar-bhunscoileanna chun freastal ar rollú méadaithe i gColáiste Bhaile an Droichid, i nGairmcholáiste Bhun Clóidí agus i gColáiste an Átha, Cill Mhucraise, Loch Garman; Síneadh le Pobalscoil Náisiúnta Chill na Manach chun freastal ar rolluithe méadaithe. |
| 2.1.3 | Cur chun feidhme a dhéanamh ar straitéis SOLAS um Choláistí na Todhchaí a fhorbairt le haghaidh cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna i Loch Garman agus i bPort Láirge. |
| 2.1.4 | An fhoireann foirgneamh laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna a bhreisiú chun róil ghairmiúla amhail Suirbhéir Cainníochta cáilithe agus ailtire cáilithe a chur ar áireamh chun tacú leis an lucht bainistíochta leis an bpunann clár foirgneamh ar fud coláistí agus ionad. |
| 2.1.5 | Treoirphlean a fhorbairt le haghaidh forbairt sa todhchaí – pleanáil straitéiseach fhadtéarmach, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar dheiseanna le foirgnimh a cheannach, a thógáil nó a fháil ar cíos/a thógáil ar léas. Athbhreithniú a dhéanamh ar láthair gach coláiste agus ionaid agus ar na modhanna iompair a úsáidtear chun na saoráidí sin a rochtain. |
| 2.1.6 | Tacú le líonra airíoch agus Cúntóirí Ginearálta a fhorbairt chun tuilleadh comhoibrithe ar fud na láithreán a éascú. |

## Gníomhartha

2.1.7 Plean a fhorbairt le haghaidh riachtanais uasghrádúcháin/spáis/saoráidí, lena n-áirítear an fhéidearthacht a bhaineann le tobsholáthar i láithreacha áisiúla.

2.1.8 Deiseanna cistiúcháin a lorg chun infheistiú sa trealamh is fearr ó thaobh an chaighdeáin thionsclaíoch de ar fud coláistí agus ionad.

2.1.9 Coláistí agus ionaid a iniúchadh ó thaobh rochtain do dhaoine faoi mhíchumas de agus plean a fhorbairt le haghaidh oibreacha feabhais, lena n-áirítear cistiú a lorg le haghaidh aon uasghráduithe a theastaíonn.

2.1.10 Faighneoga a fhorbairt i saoráidí comhroinnte chun tacú le hobair sholúbtha ar fud ionad agus oifigí (dearadh uilíoch) – lena n-áirítear oideachas pobail, foghlaim neamhfhoirmiúil agus foghlaim neamhchreidiúnaithe.

2.1.11 Anailís a dhéanamh ar na hathruithe sa soláthar páirtaimseartha i gcomparáid leo sin sa soláthar lánaimseartha chun tacú le saoráidí a fhorbairt, agus úsáid ilfheidhmeach nó athrú úsáide thar thréimhse ama á gcur san áireamh. Timpeallachtaí Ardfhoghlama a bhreithniú freisin le haghaidh grúptheagaisc i gcoláistí agus in ionaid.

2.1.12 Soláthar a dhéanamh do spásanna ar leithligh (a bhfuil cumhacht le fáil iontu) i ngach ceann de na coláistí, na hionaid agus na seomraí ríomhairí rochtana ginearálta.

2.1.13 Trealamh úrscothach closamhairc i seomraí ranga le haghaidh foghlaim bharrmhaith.

2.1.14 Roghanna a fhiosrú le haghaidh cóiríocht ghearrthéarmach le haghaidh printíseach.

2.1.15 Infheistiú i spásanna allamuigh – siúláin agus spásanna glasa do bhaill foirne, do mhic léinn/foghlaimeoirí aosacha agus don phobal ar fud ár gcoláistí agus ár n-ionad.

2.1.16 Soláthar a dhéanamh do phointí luchtaithe leictrigh ag gach coláiste, ag gach ionad agus ag gach oifig.

2.1.17 Feabhas a chur ar chórais aerála ar fud gach coláiste, gach ionaid agus gach oifige.

2.1.18 Infheistiú i saoráidí comhroinnte do mhúinteoirí, lena n-áirítear saoráidí breisithe seomra foirne.

2.1.19 Obair i ndlúthchomhar le Comhairle Contae Loch Garman ar Ionad úrscothach Oideachais agus Oiliúna Allamuigh a fhorbairt ag Sliabh Fhothart agus ar an gclár gaolmhar gníomhaíochtaí sa láthair nua a fhorbairt.

**Gníomhartha**

| | |
|---|---|
| 2.1.20 | Infheistiú i saoráidí agus spásanna sóisialta comhroinnte do phrintísigh laistigh dár nIonaid Oiliúna, agus stíl mhaireachtála shláintiúil agus deiseanna chun caidreamh a thógáil le printísigh eile á gcur chun cinn. |
| 2.1.21 | Iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna atá ar fáil do choláistí agus d'ionaid tacú lena bpobail áitiúla trína gcuid foirgneamh agus saoráidí a chur ar fáil lena n-úsáid lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre. |
| 2.1.22 | Dul go gníomhach sa tóir ar dheiseanna chun dul i dteagmháil leis an bpobal chun an Bord Oideachais agus Oiliúna a chur chun cinn mar phátrún ar Phobalscoileanna Náisiúnta ar fud an réigiúin. |

## 2.2 Tosaíocht Straitéiseach: An Clár Oibre Glas

**Gníomhartha**

| | |
|---|---|
| 2.2.1 | Coiste Campais Ghlais a bhunú ar fud na heagraíochta, rud lena n-áireofar mic léinn/foghlaimeoirí aosacha agus daoine den phobal, agus é nasctha le struchtúir atá ann cheana i gcoláistí agus in ionaid. |
| 2.2.2 | Páirt a ghlacadh i dtionscadail fionnachtana Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) chun réitigh inbhuanaithe a sholáthar agus chun feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear grianphainéil a shuiteáil ar dhíon aon fhoirgneamh atá faoi úinéireacht an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus ar dhíon aon fhoirgneamh a bhfuil léasanna fada orthu, mar aon le teaschaidéil a shuiteáil. |
| 2.2.3 | Staidéar indéantachta a dhéanamh ar an deis atá ann infheistiú i dtuirbíní beaga ar fhoirgnimh ilstóracha. |

## 2.3 Tosaíocht Straitéiseach: An Clár Cothabhála

**Gníomhartha**

| | |
|---|---|
| 2.4.1 | Córas láraithe bainistíochta saoráidí agus struchtúr straitéiseach clár cothabhála a fhorbairt chun freastal ar gach coláiste agus ar gach ionad, agus iad a bheith faoi bhainistiú ag an bhfoireann Foirgneamh agus Saoráidí, ag obair di i ndlúthchomhar le hairígh, le Cúntóirí Ginearálta agus le baill foirne tacaíochta eile atá freagrach as foirgnimh atá faoi úinéireacht ag an mBord Oideachais agus Oiliúna nó atá léasaithe aige a chothabháil. Cothabháil choisctheach pleananna caighdeánacha a chur ar áireamh ansin. |

# Sprioc Straitéiseach 3: Cumarsáid agus Margaíocht

Ár n-aidhm:

**Cáil a bheith orainn as conairí chun foghlama, fáis, ceangail, scileanna agus nuálaíochta do chách a thairiscint. Ina chroílár, beidh an Bord Oideachais agus Oiliúna bainteach le cáilíocht, le roghanna, le pobal agus le deiseanna a sholáthar dóibh sin atá ag tosú amach nó atá ag déanamh tús nua.**



# 3.1 Tosaíocht Straitéiseach: Bunchlocha

## Gníomhartha

| | |
|---|---|
| 3.1.1 | Straitéis cumarsáide inmheánaí agus caidrimh inmheánaigh a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus infheistiú in acmhainn thiomnaithe cumarsáide inmheánaí. |
| 3.1.2 | Stór inneachair, grianghrafadóireachta agus scéalta a fhorbairt lena úsáid ar fud na heagraíochta. |
| 3.1.3 | Foireann uirlisí sócmhainní margaíochta breisithe a fhorbairt, lena n-áirítear fógraí agus teimpléid meán sóisialta. |
| 3.1.4 | Treoirlínte branda an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a fhorbairt tuilleadh agus plean a fhorbairt le haghaidh iad a scaipeadh ar phobal an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena n-úsáid. |
| 3.1.5 | Suíomh Gréasáin nua an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a sheoladh, agus úinéireacht shoiléir ar inneachar agus optamú éifeachtach inneall cuardaigh a chinntiú. |
| 3.1.6 | Straitéis meán sóisialta a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear straitéis shoiléir forbartha inneachair. |
| 3.1.7 | Príomh-shárúsáideoirí (forbróirí cumarsáide agus inneachair) a bhunú san eagraíocht, agus oiliúint agus forbairt agus dreasachtaí le haghaidh caidreamh a dhéanamh leis sin a eagrú. |
| 3.1.8 | Buiséad feachtas a chomhaontú agus acmhainní a chur ar fáil dó – riachtanais bhuiséid a chomhaontú ar bhonn na bpríomhghnéithe atá ar áireamh sa straitéis, agus fás céimnithe buiséid a bhunú le haghaidh feachtas. |
| 3.1.9 | Infheistiú in acmhainn nua margaíochta branda/digití. |
| 3.1.10 | Plean a fhorbairt um chúrsaí Breisoideachais agus Oiliúna/cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna a chur chun cinn, ar aon dul le spriocanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus le straitéis SOLAS. |
| 3.1.11 | Sainchúram leasaithe margaíochta a fhorbairt chun go bhforbródh gníomhaireacht sraith príomhtheachtaireachtaí agus soiléireacht ar bhrandáil cúrsaí/clár Breisoideachais agus Oiliúna aonair, ar chomhbhrandáil agus ar bhrandáil institiúideach an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. |

## Gníomhartha

| | |
|---|---|
| 3.1.12 | Straitéis margaíochta digití a fhorbairt, lena n-áirítear láithreáin comhpháirtithe agus na meáin. |
| 3.1.13 | Forbairt a dhéanamh ar phlean meán le haghaidh príomhfheachtas agus príomhimeachtaí. |
| 3.1.14 | Plean inrochtaineachta digití a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun go n-áireofar leis gach cainéal digiteach ábhartha, faireachán agus aiseolas ó chomhlachtaí rialála, agus oiliúint a chur orthu sin atá freagrach as inneachar chun tacú lenár n-oibleagáidí faoin Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin. |

# 3.2 Tosaíocht Straitéiseach: Aird an Spriocphobail a Mhealladh

## Gníomhartha

| | |
|---|---|
| 3.2.1 | Díriú feachtais nuálaíochta lena ngabhfaidh haischlib a fhorbairt, agus banc scéalta nuálaíochta agus cás-staidéar lena leagfar béim air sin a fhorbairt. |
| 3.2.2 | Sainaithint a dhéanamh ar dheiseanna cainte, agus ar phainéal saineolaithe inmheánacha, agus é nasctha le teachtaireachtaí ábhartha branda. |
| 3.2.3 | Iarratas a dhéanamh ar dhámhachtainí ceannródaithe agus ar dhámhachtainí ábhartha eile. |
| 3.2.4 | Léiriú soiléir intinne a fhorbairt chun ról an Bhoird Oideachais agus Oiliúna sa phobal, sna healaíona, san obair óige, sa cheol agus sa spórt agus a thiomantas don fholláine a chur chun cinn. |
| 3.2.5 | Plean cumarsáide a fhorbairt chun go mbeidh tuismitheoirí agus daoine den mhórphobal in ann páirt a ghlacadh i sraith imeachtaí, agus féilire laethanta oscailte agus cruinnithe fíorúla le hiarmhic léinn/iarfhoghlaimeoirí aosacha a fhorbairt. |
| 3.2.6 | Sruth sonrach cumarsáide a fhorbairt do threoirchomhairleoirí, agus cuireadh a thabhairt do threoirchomhairleoirí i scoileanna eile chun páirt a ghlacadh ann. |
| 3.2.7 | Sruth cumarsáide a fhorbairt do mhúinteoirí agus teagascóirí atá ann cheana. |

# Sprioc Straitéiseach 4: Sláinte agus Folláine

Ár n-aidhm:

**An cháil atá orainn mar áit iontach chun obair agus foghlaim ann a bhreisiú. Taispeánfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna do bhaill foirne agus do mhic léinn/foghlaimeoirí aosacha go bhfuil meas againn orthu agus ar a gcuid tuairimí. Cuirfimid pobal chun cinn a thacaíonn le hindibhidiúlacht, a cheiliúrann éachtaí agus a thugann tacaíocht le linn amanna deacra. Is fíric í éagsúlacht – roghnóimid cuimsiú.**



# 4.1 Tosaíocht Straitéiseach: Bunchloch – Cultúr, Córais agus Nósanna Imeachta

## Gníomhartha

| | |
|---|---|
| 4.1.1 | Coiste Sláinte agus Folláine a bhunú sa Bhord Oideachais agus Oiliúna, agus ionadaíocht ann ó mhic léinn/foghlaimeoirí aosacha agus ó bhaill foirne. |
| 4.1.2 | An Clár Cúnaimh d'Fhostaithe a chur chun cinn do gach ball foirne ar bhonn tráthrialta, agus a shoiléiriú go mbíonn an tseirbhís ar fáil dá dteaghlach freisin. |
| 4.1.3 | Cultúr um fholláine ag an obair a chur chun cinn trí struchtúir rialachais atá ann cheana. |
| 4.1.4 | An marc 'Coinnigh Folláin' a chur chun feidhme sa Bhord Oideachais agus Oiliúna, le tacaíocht ó IBEC. |
| 4.1.5 | Beartais uile an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a bhaineann le Sláinte agus Folláine a athrú chun dáta agus a scaipeadh. |
| 4.1.6 | Cairt Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a chur chun feidhme chun tacú le fórsa saothair éagsúil. |
| 4.1.7 | Sásra a fhorbairt le haghaidh aitheantas foirne ar fud gach grúpa foirne mar chuid den chultúr (e.g., gradam sármhaitheasa i seirbhís do chustaiméirí), lena n-áirítear searmanas bliantúil gradam agus éachtaí agus aitheantas as fadseirbhís. |
| 4.1.8 | Leanúint le Cairt Custaiméirí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a chur chun cinn, agus a chinntiú go scaipfear an Chairt ar gach ball foirne agus go dtuigfidh siad í. |
| 4.1.9 | Tacú le teagascóirí a ionduchtú agus lena n-aistear oibre tríd an mBord Oideachais agus Oiliúna mar bhaill foirne pháirtaimseartha, agus teagascóirí a chumhachtú agus a spreagadh go gníomhach chun gníomhú mar ambasadóirí don Bhord Oideachais agus Oiliúna. |
| 4.1.10 | An Beartas um Obair Chumaisc/Chianda a chur chun feidhme ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. |

## Gníomhartha

| | |
|---|---|
| 4.1.11 | Foghlaim agus forbairt ghairmiúil i maoirseacht agus i gceannaireacht a bheith á ngabháil de láimh ag gach bainisteoir. |
| 4.1.12 | Iniúchadh timpeallachta ar gach saoráid ó thaobh sláinte agus folláine de – criosanna atá saor ó thobac, athnuachan an cheaintín, spásanna céadfacha, spásanna idirghníomhaíochta sóisialta, limistéir shiúil, dathanna, solas nádúrtha agus aeráil. |
| 4.1.13 | Próiseas a fhorbairt le haghaidh agallaimh fágála a dhéanamh do bhaill foirne chun tacú leis an mBord Oideachais agus Oiliúna feabhas a chur ar an tacaíocht a thugann sé do bhaill foirne. |
| 4.1.14 | Sonraí teagmhála inlín agus faisnéis 'Aithne ar an bhfoireann' do gach ball foirne a nuashonrú chun feasacht a thógáil ar na foirne agus an struchtúr foirne sa Bhord Oideachais agus Oiliúna. |
| 4.1.15 | Clár Ionduchtúcháin ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a fhorbairt, lena n-áirítear tacaíocht shaincheaptha d'fhostaithe nua agus córas páirtíochta a fhorbairt. |
| 4.1.16 | Féachaint go gníomhach le baill foirne a spreagadh chun páirt a ghlacadh i bhFoghlaim agus Forbairt Ghairmiúil chun tacú leo i réimsí ina bhfuil fás ag teastáil. |
| 4.1.17 | Beartas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur chun feidhme ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, agus oiliúint a éascú do bhaill foirne. |
| 4.1.18 | Clár a fhorbairt chun cleachtais athmhachnamhacha agus cleachtais aisiríocha a chur chun feidhme ar fud gach réimse den Bhord Oideachais agus Oiliúna. |
| 4.1.19 | Clár réamhghníomhach a fhorbairt chun tacú le baill foirne i dtimpeallachtaí oibre gnóthacha. |



## Gníomhartha

| | |
|---|---|
| 4.1.20 | Tacú le baill foirne atá ag druidim le scor trí ghnáthsheimineáir phleanála scoir a eagrú, agus aitheantas a thabhairt dá rannchuidiú tábhachtach leis an eagraíocht trí shearmanas bliantúil scoir a óstáil do bhaill foirne atá ag dul ar scor. |
| 4.1.21 | Féilire tionscnamh folláine agus imeachtaí folláine a fhorbairt do bhaill foirne agus do mhic léinn/foghlaimeoirí aosacha. |
| 4.1.22 | Lámhleabhar/aip Fáilte agus Ionduchtúcháin a fhorbairt do gach mac léinn/foghlaimeoir aosach agus do gach ball foirne nua. |
| 4.1.23 | Straitéis a fhorbairt le haghaidh seirbhísí treorach a sholáthar do mhic léinn/foghlaimeoirí aosacha ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. |
| 4.1.24 | Riachtanais na mac léinn/na bhfoghlaimeoirí aosacha a athbhreithniú maidir le tacaíocht gairmthreorach, agus plean a fhorbairt chun an tacaíocht a shaincheapadh chun freastal ar riachtanais na mac léinn/na bhfoghlaimeoirí aosacha. |
| 4.1.25 | Obair i gcomhar le Giniúint Ceoil Loch Garman agus le Giniúint Ceoil Phort Láirge chun coláistí, ionaid agus cláir a chumasú gabháil do chlár Ghiniúint Ceoil ar mhaithe lena mic léinn/lena bhfoghlaimeoirí aosacha. |
| 4.1.26 | Obair i gcomhar le CLG Loch Garman chun coláistí a chumasú páirt a ghlacadh sa chlár 'Ag Dul go Maith' de chuid CLG ar mhaithe le mic léinn/foghlaimeoirí aosacha. |
| 4.1.27 | Páirt a bheith á glacadh ag gach coláiste i dtionscnamh na Brataí Ómraí chun feasacht a thógáil ar an leibhéal áitiúil ar an tábhacht a bhaineann le tacú le folláine mheabhrach i measc mic léinn/foghlaimeoirí aosacha. |
| 4.1.28 | Díriú ar ár gcuid mac léinn/foghlaimeoirí aosacha mar chomhpháirtithe – sásraí aiseolais ar fud na heagraíochta agus comhairliúchán struchtúrtha a fhorbairt. |
| 4.1.29 | Cur chuige ar fud na heagraíochta i leith searmanais bhliantúla gradam agus i leith éachtaí mac léinn/foghlaimeoirí aosacha a aithint. |
| 4.1.30 | Clár Athléimneachta, Spreagtha agus Comhbhá a fhorbairt do mhic léinn/foghlaimeoirí aosacha ar fud gach coláiste agus gach ionaid. |

**Gníomhartha**

4.1.31 Clár folláine a fhorbairt ina gcuimseofar sóisialú, aireachas, folláine, tógáil foirne, gníomhaíochtaí seach-churaclaim, sláinte agus folláine ar an láithreán agus an tsochaí do mhic léinn/foghlaimeoirí aosacha ar fud gach coláiste agus gach ionaid. Tacú le coláistí agus le hionaid an clár a chur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil.

4.1.32 Cúrsaí blaiste/tosaitheora a thairiscint chun cabhrú le foghlaimeoirí aosacha gabháil don oideachas an athuair.

4.1.33 Dul ar lorg comhpháirtíochtaí chun tacú le straitéis Sláinte agus Folláine an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, lena n-áirítear dul i gcomhpháirt leis na tionscnaimh Chontae Shláintiúil atá á reáchtáil ag Comhairle Contae Loch Garman agus ag Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge.

4.1.34 Infheistiú i saoráidí agus spásanna sóisialta comhroinnte do phrintísigh laistigh dár nIonaid Oiliúna, agus stíl mhaireachtála shláintiúil agus deiseanna chun caidreamh a thógáil le printísigh eile á gcur chun cinn.



## 4.2 Tosaíocht Straitéiseach: Freagairt – Tacaí Breise agus Conairí Breise

**Gníomhartha**

4.2.1 Straitéis a fhorbairt le haghaidh seirbhísí treorach agus tacaí treorach a sholáthar do mhic léinn/foghlaimeoirí aosacha ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.

4.2.2 Struchtúr a fhorbairt le haghaidh conairí soiléire sainithe chuig tacaí mothúchánacha, síceolaíocha agus síciteiripe do mhic léinn/foghlaimeoirí aosacha i gcás gur gá.

# Sprioc Straitéiseach 5: Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht

Ár n-aidhm:

**Beidh cáil ar an mBord Oideachais agus Oiliúna as a chultúr aeráide agus spreagfaimid athrú iompraíochta i measc na mball foirne agus na mac léinn.**





# 5.1 Tosaíocht Straitéiseach: Bunchlocha/Struchtúr

## Gníomhartha

5.1.1 Struchtúr cuí a fhorbairt le haghaidh chur chun feidhme na straitéise um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht – mar atá, an Grúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht, agus ionadaíocht ann ó ghrúpa mac léinn/foghlaimeoirí aosacha, ó bhaill foirne agus ó shaineolaithe seachtracha. Coistí Glasa áitiúla a fhorbairt i ngach coláiste, i ngach ionad agus i ngach oifig. Comhpháirtíochtaí a fhorbairt le grúpaí pobail chun tacú leis an gclár oibre straitéiseach.

5.1.2 Oifigeach Fuinnimh a cheapadh don Bhord Oideachais agus Oiliúna.

5.1.3 Oiliúint don Ghrúpa Stiúrtha, do Choistí Glasa, do Bhainisteoirí, d'airígh agus do bhaill foirne cothabhála – struchtúr bainistíochta tionscadal agus clár i leith cuspóirí a bhaint amach ar fud gach tosaíochta straitéisí.

5.1.4 Taighde a dhéanamh ar dheiseanna le haghaidh comhpháirtíochtaí straitéiseacha, agus féachaint le caidreamh a dhéanamh le comhlachtaí ar féidir leo tacú le clár oibre straitéiseach an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.

5.1.5 Sainaithint a dhéanamh ar acmhainní chun tacú leis an bpróiseas iarratais le haghaidh cistiúcháin agus dámhachtainí deontais chun tacú le clár oibre straitéiseach an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.

5.1.6 Mionsonraí faoi aon tionscadail a ghabhtar de láimh, agus faoi na tairbhí a ghabhann leo, a chur in iúl do gach ball foirne agus do gach mac léinn/foghlaimeoir aosach. Suirbhé a dhéanamh ar bhaill foirne agus ar mhic léinn/foghlaimeoirí aosacha chun a fháil amach an ann d'aon athrú i dtuiscint agus i ndearcthaí maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht. Béim a leagan ar scéalta ratha agus iad a chomhroinnt – an feachtas a bhrandáil.



## 5.2 Tosaíocht Straitéiseach: Fuinneamh Inathnuaite

### Gníomhartha

5.2.1 Cleachtadh taighde deisce a ghabháil de láimh ar réitigh chuí ar fud láithreáin an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Láithreacha féideartha a shainaithint agus suirbhé láithreán a ghabháil de láimh – le tacaíocht ó mhúinteoirí agus ó shaineolaithe seachtracha. Aon mholtaí a chur chun feidhme.

5.2.2 Cás gnó a chruthú, agus díláithriú ar áireamh sna costais agus san ioncam.

5.2.3 Sruthanna féideartha cistiúcháin (i.e., aisíoc nó infheistíocht) a shainaithint, agus iarratas a dhéanamh ar dheontais ábhartha.

5.2.4 Grianphainéil a shuiteáil ar dhíon aon fhoirgneamh atá faoi úinéireacht an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus ar dhíon aon fhoirgneamh a bhfuil léasanna fada orthu.

5.2.5 Feachtas feasachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir le hiompraíochtaí atá tíosach ar fhuinneamh, agus úsáid á baint as an inlíon, an suíomh Gréasáin agus na meáin shóisialta chun caidreamh a dhéanamh le baill foirne agus le mic léinn/ foghlaimeoirí aosacha.

## 5.3 Tosaíocht Straitéiseach: Éifeachtúlacht Fuinnimh

### Gníomhartha

5.3.1 Iniúchtaí tráthrialta fuinnimh a dhéanamh – Iniúchtaí seachtainiúla/ iniúchtaí ráithiúla/suirbhéanna amhairc/siúlóidí timpeall/iniúchadh réamhfhuinnimh aonuaire

5.3.2 Bonnlíne úsáid fuinnimh a bhunú le haghaidh gach foirgnimh laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna.

5.3.3 Feidhmiú níos fearr ná na rialacháin foirgníochta – Ceannaireacht i bhFuinneamh agus Dearadh Timpeallachta (LEED)/Modh Measúnaithe Timpeallachta an Fhorais Taighde Foirgníochta (BREAAM).

### Gníomhartha

| | |
|---|---|
| 5.3.4 | Foirgnimh oiriúnacha a iarfheistiú chun iad a thabhairt suas go dtí an éifeachtúlacht chuí, lena n-áirítear rialuithe teasa. |
| 5.3.5 | Infheistiú in aipeanna amhairc/scáileáin faisnéise éifeachtúlacht fuinnimh le haghaidh na bhfoirgneamh. |
| 5.3.6 | Clár ceann riain a chur i bhfeidhm le haghaidh Dheimhnithe Fuinnimh Taispeána fhoirgnimh an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. |
| 5.3.7 | Pleanáil le haghaidh gach solas gealbhruthach agus halaigine a dhíothú. |
| 5.3.8 | Feachtas feasachta fuinnimh a fhorbairt maidir le múchadh ríomhairí pearsanta i ngach coláiste, i ngach ionad agus i ngach oifig – athrú iompraíochta ag daoine aonair. |
| 5.3.9 | An clár 'Take 1' agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a leabú isteach sa straitéis inbhuanaitheachta don Bhord Oideachais agus Oiliúna, agus scoileanna a spreagadh chun páirt a ghlacadh iontu sin. |
| 5.3.10 | Pleananna sonracha um Ghníomhú ar son na hAeráide a fhorbairt don Bhreisoideachas agus Oiliúint agus do scoileanna, ar aon dul le straitéisí na Roinne Oideachais/na Roinne Breisoideachais, Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta/SOLAS agus le mórstraitéisí rialtais. |

## 5.4 Tosaíocht Straitéiseach: Taisteal

### Gníomhartha

| | |
|---|---|
| 5.4.1 | Feachtas feasachta a fhorbairt maidir le daoine a spreagadh chun dul chuig Coláistí, Ionaid agus Oifigí de shiúl na gcos agus de rothar, le carr-roinnt a spreagadh agus le húsáid mhéadaithe a bhaint as iompar scoile agus as iompar poiblí. Tabharfar spreagadh do thuismitheoirí freisin san fheachtas. Rachfar i mbun feachtais freisin ar son saoráidí páirceála agus rothaíochta a bhfuil lánaí tiomnaithe rothar ag gabháil leo a sholáthar i ngar do scoileanna. Áireofar leis seo ceardlanna rothaíochta, leideanna maidir le sábháilteacht ar bhóithre, agus turais chun an Ghlasbhealaigh chun rannpháirtíocht a spreagadh. Racaí rothar a shuiteáil ag gach láithreán de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. |
| 5.4.2 | Beartas soiléir a fhorbairt maidir le taisteal foirne – ar líne (MS Teams) vs. cruinnithe duine le duine. |
| 5.4.3 | Soláthar a dhéanamh do phointí luchtaithe leictrigh ag gach Coláiste, ag gach Ionad agus ag gach Oifig. |

# 5.5 Tosaíocht Straitéiseach: An Bhithéagsúlacht

## Gníomhartha

| | |
|---|---|
| 5.5.1 | Feachtas feasachta a fhorbairt maidir leis an mbithéagsúlacht, lena n-áirítear modúl ríomhfhoghlama agus oiliúint réamhléiritheach a fhorbairt agus a chur chun feidhme do bhaill foirne agus do mhic léinn/foghlaimeoirí aosacha. |
| 5.5.2 | Córas ambasadóirí bithéagsúlachta ar fud na heagraíochta agus curadh laistigh den Fhoireann Ardbhainistíochta a chruthú, lena n-áirítear uaireanta leithdháilte a shannadh do ról bithéagsúlachta (i.e., comhordaitheoir). |
| 5.5.3 | Fóram Pobal Cleachtais a chur i bhfeidhm chun díriú ar réimse na Bithéagsúlachta. |
| 5.5.4 | Ábhair a fhorbairt a bhaineann leis an díriú straitéiseach ar an mBithéagsúlacht do gach scoil – lámhleabhair agus cláir ionduchtúcháin do bhaill foirne nua agus do mhic léinn/ foghlaimeoirí aosacha. |
| 5.5.5 | Láithreáin choláiste, ionaid agus oifige a mheasúnú maidir lena n-oiriúnacht do chriosanna/limistéir fiadhúlra a bhunú, agus criosanna a bhunú i ngach limistéar féideartha. |
| 5.5.6 | Iniúchtaí bliantúla Bithéagsúlachta a dhéanamh, agus pleananna pailneoirí gaolmhara a fhorbairt ag gach láithreán. |
| 5.5.7 | Obair i gcomhar le heagraíochtaí comhpháirtíochta a bhfuil saineolas acu ar chláir bhithéagsúlachta, agus cuairteanna láithreáin a thabhairt ar láithreacha eile chun smaointe dea-chleachtais a bhailiú lena gcur chun feidhme. |



# 5.6 Tosaíocht Straitéiseach: Laghdú Dramhaíola

## Gníomhartha

| | |
|---|---|
| 5.6.1 | Plaistigh aonúsáide (e.g., buidéil phlaisteacha i gceaintíní) a laghdú i ngach coláiste, i ngach ionad agus i ngach oifig, agus iad a dhíothú uathu ansin. |
| 5.6.2 | Gan fótachóipeáil a dhéanamh ach amháin chun críocha riachtanacha (e.g., trialacha) – acmhainní ar líne amhail Teams a úsáid chun doiciméid a chomhroinnt. |
| 5.6.3 | Córas réamhordaithe bia i gcoláistí chun an méid bia barrachais atá á ullmhú agus á dhiomailt dá bharr a laghdú. |
| 5.6.4 | Prótacal a fhorbairt le haghaidh bia neamhúsáidte a bhronnadh ar bhainc bhia/carthanais. |
| 5.6.5 | Araidí múirín a thabhairt isteach le haghaidh dramhaíl bia/fuinneamh inathnuaite. |
| 5.6.6 | A chinntiú go mbeidh ceaintíní coláiste ag úsáid coimeádáin in-athúsáidte i gcás gur féidir (níl coimeádáin in-athchúrsáilte agus inmhúirínithe chomh fabhrach céanna). |
| 5.6.7 | An seasamh dramhaíola reatha a athbhreithniú chun an bhonnlíne a dhéanamh amach agus chun comparáid a dhéanamh leis an dea-chleachtas. Córas a fhorbairt le haghaidh dramhaíl a bhainistiú agus a íoslaghdú. |
| 5.6.8 | Scéimeanna dreasachta a fhorbairt le haghaidh coláistí, ionad agus oifigí chun tacú leo spriocanna maidir le laghdú dramhaíola a bhaint amach. |
| 5.6.9 | Feachtais a fhorbairt agus oiliúint a chur ar bhaill foirne agus ar mhic léinn/foghlaimeoirí aosacha maidir le conas dramhaíl a dhiúscairt i gceart chun rátaí athchúrsála a uasmhéadú. |
| 5.6.10 | Bailiú báistí a chur san áireamh i ngach foirgneamh nua, agus athbhreithniú a dhéanamh ar a indéanta a bheadh sé báisteach a bhailiú ag foirgnimh atá ann cheana. Bailiú báistí a chur chun feidhme i gcás gur féidir. |

# 5.7 Tosaíocht Straitéiseach:
# An Geilleagar Ciorclach

## Gníomhartha

5.7.1 Gluaiseacht geilleagair chiorclaigh a thógáil ar fud phobal an Bhoird Oideachais agus Oiliúna trí úsáid a bhaint as modhanna éagsúla caidrimh agus cumarsáide.

5.7.2 Acmhainní a imfhálú le haghaidh tionscnamh iar-bhunscoile. Rannóg/foireann inbhuanaitheachta a chruthú chun an tionscnamh a iniúchadh, a logáil agus a fhorfheidhmiú go dtí go n-éireoidh an tsamhail geilleagair chiorclaigh ar an ngnáthrud.

5.7.3 Soláthar a aistriú ar shiúl ó chostas agus i dtreo inbhuanaitheachta mar thomhas luacha.

5.7.4 Béim a leagan ar naisc agus comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí lasmuigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna (e.g., foinsiú inbhuanaitheachta).

5.7.5 Triail a bhaint as táirgí glantacháin neamhcheimiceacha a úsáid ag coláistí, ag ionaid agus ag oifigí.

5.7.6 Táirgí malartacha in-athúsáidte/neamhdhochracha (neamhcheimiceacha) a úsáid laistigh de chláir (e.g., an áilleacht, an ghruagaireacht, an tógáil).

5.7.7 Prótacal de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a fhorbairt chun dara saol a spreagadh le haghaidh éidí agus leabhar i gColáistí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.

5.7.8 Feasacht a chruthú ar cé chomh luachmhar agus atá 'dramhaíl'.

5.7.9 Plean a fhorbairt chun oiliúint i mbunphrionsabail Foirgneamh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh a sholáthar ar fud éagsúlacht leathan clár agus cúrsaí. An plean sin a leabú isteach i gcláir oiliúna agus i modúil iar-bhunscoile nuair is indéanta.



# 5.8 Tosaíocht Straitéiseach: An curaclam a bheith comhtháite leis an inbhuanaitheacht le haghaidh measúnuithe atá bunaithe sa seomra ranga

## Gníomhartha

5.8.1 Tacar treoirlínte a fhorbairt chun an Inbhuanaitheacht a leabú mar ghné lárnach de sholáthar an churaclaim. An tasc sin a leagan ar chomhordaitheoir, agus gach geallsealbhóir a chur ar áireamh, lena n-áirítear mic léinn/foghlaimeoirí aosacha. Pobal Cleachtais a bhunú mar ghnáthchleachtas.

5.8.2 Fiosrú a dhéanamh ar an tsamhail measúnaithe atá bunaithe sa seomra ranga agus ar thathant leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), go háirithe in ábhair amhail Matamaitic, Tíreolaíocht agus na hEolaíochtaí. Gníomhaíocht reatha i scoileanna a mhapáil mar bhonnlíne.

5.8.3 Rochtain a fháil ar acmhainní atá ann cheana agus comhpháirtíochtaí níos láidre a thógáil chun críocha sonracha (e.g., an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, scoileanna glasa, an feachtas 'ná fág rian', údaráis áitiúla).

5.8.4 Cúrsaí inbhuanaithe a bheith comhtháite ar fud cláir éagsúla Bhreisoideachais agus Oiliúna, lena n-áirítear an modúl Scileanna Glasa.



# Sprioc Straitéiseach 6: Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta/ Foghlaim Dhigiteach

Ár n-aidhm:

**Straitéis TF ar fud na heagraíochta a fhorbairt, agus foghlaim le cuidiú teicneolaíochta laistigh dár gcláir Bhreisoideachais agus Oiliúna agus foghlaim dhigiteach ar fud ár gcoláistí á gcur san áireamh, mar aon le hathbhreithniú ar an tsamhail oibriúcháin, chun rianú a dhéanamh ar an aistear chuig TF a bhunathrú go hiomlán laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna.**



# 6.1 Tosaíocht Straitéiseach: Rialachas

## Gníomhartha

6.1.1 Bainistíocht agus rialachas rathúil na feidhme TF sa Bhord Oideachais agus Oiliúna, lena n-áirítear Coiste Stiúrtha TF atá comhdhéanta de cheannairí gnó agus TF a bhunú.

6.1.2 Comhsheasmhacht a chinntiú i dtacaíocht TF trí bheartais chuí agus nósanna imeachta cuí a chur chun feidhme.

6.1.3 An eagraíocht a chumasú sonraí a úsáid le haghaidh tuairisciú cruinn trí nós imeachta foirmiúil rialachais sonraí a fhorbairt chun a chaighdeánú conas a dhéanfar sonraí a bhailiú agus a phróiseáil laistigh de chórais inmheánacha.

# 6.2 Tosaíocht Straitéiseach: Struchtúr Eagrúcháin

## Gníomhartha

6.2.1 Foireann shainithe um athrú gnó a fhorbairt, ar foireann í a mbeidh freagracht uirthi as na spriocanna sonracha, na tascanna sonracha agus na tionscadail shonracha laistigh d'fheidhm TF an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.

6.2.2 Tús áite a thabhairt do Bhainisteoir TF nua a fhostú chun gnáthreáchtáil laethúil na foirne TF, rioscaí agus saincheisteanna criticiúla a bhainistiú, agus díriú á leagan freisin ar cháilíocht agus treo straitéiseach na feidhme.

6.2.3 Díriú ar phleanáil comharbais agus bainistíocht tallainne laistigh den fhoireann TF, agus páirt a thabhairt don fhoireann TF sa díriú straitéiseach don bhliain 2023 agus ina diaidh.

# 6.3 Tosaíocht Straitéiseach: Samhail Soláthair

## Gníomhartha

| | |
|---|---|
| 6.3.1 | Seirbhísí a fháil trí sholáthar chun tionscadail bhunathraitheacha a sholáthar. |
| 6.3.2 | Seirbhísí slándála TF a fhoinsiú de réir mar is gá chun athbhreithniú neamhspleách agus ailíniú le dea-chleachtais slándála TF a bhíonn ag athrú a chinntiú. |

# 6.4 Tosaíocht Straitéiseach: Inniúlachtaí


## Gníomhartha

| | |
|---|---|
| 6.4.1 | Na hinniúlachtaí bainistíochta TF laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna a thógáil chun a chinntiú go ndéanfar gníomhaíochtaí TF a phleanáil agus a bhainistiú ar aon dul leis an straitéis gnó agus chun réitigh shainordaithe a cheistiú chun a chinntiú go gcuirfear riachtanais an Bhoird Oideachais agus Oiliúna san áireamh agus go measúnófar réitigh mhalartacha. |
| 6.4.2 | Tionscadail um athrú straitéiseach agus bunathraitheach a sholáthar laistigh den fheidhm TF. |
| 6.4.3 | Leibhéal bunúsach scileanna TF a chinntiú don fhoireann ar fad trí oiliúint agus forbairt. |
| 6.4.4 | An eagraíocht a chumasú sonraí a úsáid le haghaidh tuairisciú cruinn. Inniúlachtaí anailísíochta sonraí a thógáil laistigh den eagraíocht chun sonraí iontaofa a bhaint go seasta le haghaidh léargais ghnó a thuairisciú agus a ghiniúint. |
| 6.4.5 | Pleanáil le haghaidh foghlaim chumaisc a dhearadh agus a fhorbairt ar aon dul le ceanglais QQI agus le ceanglais an churaclaim. |
| 6.4.6 | Na neamhéifeachtúlachtaí a bhaineann le húsáid gnó an chórais CoreHR a bhaint tríd an ról a bhaineann leis an gcóras CoreHR a bhainistiú a shannadh d'anailísí gnó/sonraí. |
| 6.4.7 | Éifeachtúlachtaí seirbhíse TF a fheabhsú, agus a chinntiú go ndéanfar rianú cruinn ar an tseirbhís a sholáthraítear. |

# Cur Chun Feidhme agus Faireachán

**Agus an straitéis á cur chun feidhme aici, tacaítear le hobair Fhoireann Ardbhainistíochta an Bhoird Oideachais agus Oiliúna trí thimthriall bliantúil pleanála agus buiséadaithe a chur i gcrích. Ceadaíonn Bord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna plean bliantúil (Plean Seirbhíse) agus buiséad bliantúil agus is bunaithe ar an bplean a dhéanann sé meastóireacht fhoirmiúil ar an bhfeidhmíocht iarbhír gach bliain. Ní mór lamháil do sholúbthacht a bheith ar áireamh i bplean cur chun feidhme na straitéise freisin de bharr imthosca a bheidh ag athrú le linn a thréimhse feidhme.**

**Tá an plean cur chun feidhme miondealaithe ina cheithre chéim:**



# Aguisíní

**Aguisín 1:**
**Comhaltaí Boird agus Comhaltaí Coiste an Bhoird Oideachais agus Oiliúna**

**Aguisín 2:**
**Coláistí, Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna agus Oifigí Riaracháin Phort Láirge agus Loch Garman**

**Aguisín 3:**
**Giorrúcháin**

# Comhaltaí Boird



**An ró tosaigh (ó chlé go deas):**
An tUas. Pat Rath, an Comh. Mary Farrell, an tUas. Kevin Lewis (Príomhfheidhmeannach), an Comh. Barbara-Anne Murphy (Cathaoirleach), Kate Miskella Uas., an Comh. Lola O'Sullivan (Leas-Chathaoirleach), Sandra Fogarty Uas.

**An ró cúil (ó chlé go deas):**
An Comh. Pat Nugent, an Comh. Kathleen Codd-Nolan, an Comh. Frank Quinlan, an Comh. Cristíona Kiely, an tUas. Senan Lillis, Mary Ryan Uas., an Comh. Garry Laffan.

**Ar iarraidh ón ngrianghraf:**
An Comh. Tom Cronin, an Comh. Fionntán Ó Súilleabháin, an Comh. Aidan Browne, an Comh. Leonard Kelly, an tUas. Richard Byrnes, Margaret Darrer Uas.

# Aguisín 1:
# Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman: Comhaltaí Boird agus Comhaltaí Coiste

## Comhaltaí Boird

### Comhaltaí ar thogh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge iad

An Comh. Pat Nugent

An Comh. Frank Quinlan

An Comh. Lola O'Sullivan (Leas-Chathaoirleach)

An Comh. Tom Cronin

An Comh. Cristíona Kiely

### Comhaltaí ar thogh Comhairle Contae Loch Garman iad

An Comh. Barbara-Anne Murphy (Cathaoirleach)

An Comh. Kathleen Codd-Nolan

An Comh. Mary Farrell

An Comh. Fionntán Ó Súilleabháin

An Comh. Aidan Browne

An Comh. Leonard Kelly

An Comh. Garry Laffan

| Comhaltaí is Baill Foirne | Comhaltaí is Tuismitheoirí |
|---|---|
| Sandra Fogarty Uas. | Folamh (amhail mí na Nollag 2022) |
| An tUas. Richard Byrnes | |

### Comhaltaí ar ainmnigh na Comhlachtaí atá Sonraithe iad

| | |
|---|---|
| Mary Ryan Uas. | Cumann na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha/ Comhchoiste Bainisteoirí Chumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta d'Oideachas Speisialta/Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí |
| An tUas. Pat Rath | Cónaidhm na hÉireann um Míchumas – AHEAD |
| An tUas. Senan Lillis | Comhdháil na gCeardchumann |
| Kate Miskella Uas. | Comhdháil na gCeardchumann |
| Margaret Darrer Uas. | Cónaidhm Óstán na hÉireann |

## Comhaltaí an Choiste

### An Coiste Airgeadais

| | |
|---|---|
| An tUas. Michael Veale (Cathaoirleach) | Comhalta Seachtrach |
| An tUas. Denis McCarthy | Comhalta Seachtrach |
| An tUas. David Doyle | Comhalta Seachtrach |
| An tUas. John Murphy | Comhalta Seachtrach |
| Anita Power Uas. | Comhalta Seachtrach |
| Lynda Lacey Uas. | Comhalta Seachtrach |
| An Comh. Pat Nugent | Comhalta den Bhord Oideachais agus Oiliúna |

### An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

| | |
|---|---|
| An Comh. Jim Moore (Cathaoirleach) | Comhalta Seachtrach |
| An tUas. Michael J. O'Ryan | Comhalta Seachtrach |
| An tUas. John Cuddihy | Comhalta Seachtrach |
| Susan Greene Uas. | Comhalta Seachtrach |
| An Comh. Kathleen Codd-Nolan | Comhalta den Bhord Oideachais agus Oiliúna |
| An Comh. Lola O'Sullivan | Comhalta den Bhord Oideachais agus Oiliúna |

### Coiste Ógtheagmhála

| |
|---|
| An Comh. Pat Nugent (Cathaoirleach) |
| An Comh. Aidan Browne |
| An Comh. Frank Quinlan |
| Kate Miskella Uas. |
| Anne Ryan Uas. |
| An tUas. Brian Mulvihill |
| An tUas. Brian Owens |
| Christine O'Neill Uas. |

### An Coiste Obair Óige

| | |
|---|---|
| An Comh. Pat Nugent (Cathaoirleach) | Margaret Collins Uas. |
| An Comh. Aidan Browne | An tUas. Kieran Donohue |
| An Comh. Garry Laffan | Alison Parle Uas. |
| Sarah Dunleavy Uas. | An tUas. Ollie Breslin |
| Sheila Barrett Uas. | Majella Finnegan Uas. |

## Comhaltaí an Choiste

### Coiste Limistéir Chathair agus Chontae Phort Láirge

An Comh. Lola O'Sullivan

An Comh. Frank Quinlan

Sandra Fogarty Uas.

Margaret Darrer Uas.

An Comh. Pat Nugent

Mary Ryan Uas.

An Comh. Tom Cronin

An Comh. Cristíona Kiely

### Coiste Limistéir Loch Garman Thuaidh

An Comh. Mary Farrell

An Comh. Kathleen Codd-Nolan

An Comh. Aidan Browne

An tUas. Pat Rath

An Comh. Barbara-Anne Murphy

An Comh. Fionntán Ó Súilleabháin

An tUas. Senan Lillis

### Coiste Limistéir Loch Garman Theas

An Comh. Garry Laffan

An tUas. Richard Byrnes

Kate Miskella Uas.

An Comh. Leonard Kelly

### Tacaíonn baill foirne, a fhreastalaíonn i gcáil chomhairleach, leis na trí Choiste Limistéir de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna:

Ionadaí don Fhoireann Ardbhainistíochta

Príomhoidí Scoileanna

Ionadaithe don Bhreisoideachas agus Oiliúint

Ionadaí do Sheirbhísí Óige

Comhordaitheoirí Forbartha Ghiniúint Ceoil

# Aguisín 2:
# Coláistí agus Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman

## Coláistí agus Ionaid Bhreis-oideachais agus Oiliúna

### Leanaí Bunscoile

Pobalscoil Náisiúnta Chill na Manach, an tAbhallort, Co. Loch Garman

### Coláistí Iar-Bhunoideachais

Coláiste Bhaile an Droichid, Baile an Droichid, Co. Loch Garman

Gairmcholáiste Bhun Clóidí, Co. Loch Garman

Coláiste Abbáin, Maigh Arnaí, Co. Loch Garman

Coláiste an Átha, Cill Mhucraise, Co. Loch Garman

Coláiste Dhún Garbhán, Co. Phort Láirge

Coláiste Creagh, Guaire, Co. Loch Garman

Coláiste Pobail Inis Córthaidh, Co. Loch Garman

Coláiste Uí Chinnéide, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman

Meánscoil San Nioclás, an Rinn, Co. Phort Láirge

Coláiste Sheilsceire, Baile Loch Garman

Coláiste Pobail Naomh Déaglán, Coill Mhic Thomáisín, Co. Phort Láirge

Coláiste Pobail Naomh Pól, Cathair Phort Láirge

### Coláiste Iar-Ardteistiméireachta

Coláiste Breisoideachais Phort Láirge, Cathair Phort Láirge

### Pobalscoileanna a bhfuil an Bord Oideachais agus Oiliúna mar chomhphátrún orthu

Pobalscoil na hAbhann Duibhe, Co. Phort Láirge

Pobalscoil Ghuaire, Co. Loch Garman

Pobalscoil na Gráinsí, Co. Loch Garman

### Oideachas agus Oiliúint Allamuigh

Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh, Síol Beagáin, an Ghráinseach, Co. Loch Garman

Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Bhun Clóidí, Co. Loch Garman

Oideachas agus Oiliúint Allamuigh Fhothart, Co. Loch Garman

## Coláistí agus Ionaid Bhreis-oideachais agus Oiliúna

### Ionaid Ógtheagmhála

Ionad Ógtheagmhála Dhún Garbhán, Co. Phort Láirge

Ionad Ógtheagmhála Inis Córthaidh, Co. Loch Garman

Ionad Ógtheagmhála Ghuaire, Co. Loch Garman

Ionad Ógtheagmhála Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman

Ionad Ógtheagmhála Subla, Páirc Gnó Bhóthar na Leacan, Co. Phort Láirge

Ionad Ógtheagmhála Thrá Mhór, Co. Phort Láirge

Ionad Ógtheagmhála Phort Láirge, Sráid Uí Chonaill, Cathair Phort Láirge

Ionad Ógtheagmhála Loch Garman, Eastát Tionscail an Mhuilinn Bháin, Loch Garman

### Ionaid Oideachais agus Oiliúna

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bhun Clóidí, Co. Loch Garman

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Cheapach Choinn, Co. Phort Láirge

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Dhún Garbhán, Co. Phort Láirge

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Inis Córthaidh, Co. Phort Láirge

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Ghuaire, Co. Loch Garman

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Choill Mhic Thomáisín, Co. Phort Láirge

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Shráid Ozanam, Port Láirge

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Chearnóg an Iarnróid, Port Láirge

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Thrá Mhór, Co. Phort Láirge

Ionad Oiliúna Phort Láirge, Páirc Tionscail Phort Láirge, Port Láirge

Ionad VTOS Phort Láirge, Durands Court, Cathair Phort Láirge

Ionad Oiliúna Loch Garman, Eastát Tionscail an Mhuilinn Bháin, Baile Loch Garman

### Oifigí Riaracháin

Ceannoifig Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, Ard Chaomháin, Baile Loch Garman

Oifig Dhún Garbhán, Ionad Siopadóireachta Dhún Garbhán, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge

Ionad Oiliúna Phort Láirge, Páirc Tionscail Phort Láirge, Port Láirge

# Aguisín 3:
# Giorrúcháin

| | |
|---|---|
| **ALL** | Litearthacht d'Aosaigh don Saol |
| **BTEI** | An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas |
| **DEIS** | Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna |
| **RBATNE** | An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta |
| **RO** | An Roinn Oideachais |
| **GCC** | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| **BOOÉ** | Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann |
| **FET** | Breisoideachas agus Oiliúint |
| **FETC** | Ionad Breisoideachais agus Oiliúna |
| **HR** | Acmhainní Daonna |
| **IBEC** | Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann |
| **TFC** | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| **LAOS** | Ag Breathnú ar an Scoil Againne (Creat) |
| **LCDC** | Coiste Forbartha Pobail Áitiúil |
| **CNCM** | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta |
| **NTF** | An Ciste Náisiúnta Oiliúna |
| **NZEB** | Foirgneamh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh |
| **PLC** | An Iar-Ardteistiméireacht |
| **PLD** | Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil |
| **QQI** | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann |
| **ÚFIÉ** | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |
| **SETU** | Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt |
| **SOLAS** | An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna |
| **STEAM** | Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Ealaíona agus Matamaitic |
| **STEM** | Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic |
| **VTOS** | An Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais |
| **WCFE** | Coláiste Breisoideachais Phort Láirge |
| **WWETB** | Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman |

## Buíochas

# Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil le gach duine dár bhfoireann agus leis na mic léinn, na foghlaimeoirí, na comhpháirtithe agus na geallsealbhóirí uile a ghlac páirt i bhforbairt ár Ráitis Straitéise 2023-2027.

Gabhaimid buíochas ar leith leis na daoine sin a d'éascaigh ár seisiúin fócasghrúpa agus a thug a saineolas agus dearcadh seachtrach tábhachtach dúinn: Richard Hayes, Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt; Denis Rowan; PJ Barron, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; Bronwyn Moloney, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; Michael Rafter, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad; Clíona Connolly, Comhairle Contae Loch Garman; Ella Ryan, Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge. Gabhaimid buíochas leis na mic léinn agus na foghlaimeoirí dár gcuid a d'fhreastail ar ár seisiúin fócasghrúpa agus a d'oibrigh linn ar an straitéis seo a mhúnlú: Hayley Sheil agus Robbie Osman, Coláiste Bhaile an Droichid; Adam Butler, Isabella Laffan agus Lauren Fitzgerald, Coláiste Pobail Naomh Pól; Elizabeth Kirwan, Róisín Szadja agus Daniel Smith, Coláiste Pobail Naomh Déaglán; Christopher Stedmond, Jamie Clyne, Eoin Hudson, Austin Edwards, Ella Nolan, Una Fae Flavin agus Ilijana Chudzik-Durkin, Coláiste Creagh; Like Burke, Daniel Cooney Kells, Conor Cooney, Lyndsey Kane, Emma Salisbury, Mujtiba Nisar, Sean Lennon, Aaron Canning, Owen Lennon, Kate Lou Nolan agus Nicky Martin, Coláiste Uí Chinnéide; Tina Keating, Aidan O'Malley agus Adam Scott.

I dteannta a chéile, oibreoimid go dícheallach chun ár n-uaillmhianta atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise 2023-2027 uainn a bhaint amach.

wwetb

Bord Oideachais agus Oiliúna
Phort Láirge agus Loch Garman
*Waterford and Wexford*
*Education and Training Board*